An Roinn Oideachais
Department of Education

# Dréacht-treoirlínte maidir le treoir scoile uile a fheidhmiú in iar-bhunscoileanna

(2025)

# Gluais de phríomhthéarmaí treorach

Príomh-mholadh ón gComhairliúchán Náisiúnta ar Chreat Straitéiseach do Threoir ar Feadh an tSaoil (RO, 2023) is ea go gcuirfí na príomhthéarmaí sa teanga a bhaineann le treoir chun cinn agus go n-úsáidfí i gceart iad.

**Tabhair do d'aire:** Tá mionchur síos agus breac-chuntas níos leithne ar na téarmaí thíos sna codanna ábhartha den doiciméad seo.

**Treoir:** baineann sé seo le tacú le daoine aonair lena bhforbairt oideachais, ghairme, phearsanta agus shóisialta ionas go mbeidh siad cumasaithe chun cinntí agus roghanna saoil a bhfuil bonn eolais fúthu a dhéanamh. Mar sin tá treoir dírithe ar an duine agus iomlánaíoch, de réir an tsainmhínithe.

Sainseirbhís treorach is ea **treoirchomhairleoireacht** i scoileanna, nach bhfuil á soláthar ach amháin ag an treoirchomhairleoir. Tá sí ag teacht le hoiliúint NFQ leibhéal 8/9 na gcomhairleoirí treorach i ngach réimse a bhaineann le treoir (oideachasúil, ghairme, phearsanta agus shóisialta). Tá treoirchomhairleoireacht, agus comhairleoireacht i gcomhthéacs treorach, idirnasctha ach éagsúil de réir sainmhínithe. Tagraíonn treoirchomhairleoireacht do ról an treoirchomhairleora agus don obair a dhéanann an treoirchomhairleoir le scoláirí/tuismitheoirí i ngach gné den treoir (oideachasúil, ghairme, phearsanta agus shóisialta).

Baineann **comhairleoireacht i gcomhthéacs treorach** le húsáid a bhaint as scileanna treoirchomhairleoireachta chun tacú le scoláire a bhfuil fadhbanna forbartha pearsanta/sóisialta aige nó aici. Tá sé tábhachtach idirdhealú a dhéanamh idir inniúlachtaí treoirchomhairleora maidir le comhairleoireacht i gcomhthéacs treorach (a leagtar amach sa Chreat Aitheantais Cláir: Treoirchomhairleoireacht) agus an leibhéal difríochta in oiliúint agus i gcáilíochtaí síceiteiripeora/síceolaí chliniciúil, mar shampla. Mar gheall ar a n-oiliúint, tá tuiscint shoiléir ag treoirchomhairleoirí ar theorainneacha a róil agus go háirithe, tá cumas láidir acu na teorainneacha idir treoirchomhairleoireacht agus comhairleoireacht theiripeach a choinneáil.

**Treoir scoile uile (TSU):** Tagraíonn TSU do phróiseas trína mbíonn pobal scoile uile páirteach i soláthar treorach. Tá TSU bunaithe agus leabaithe in iar-bhunscoileanna le blianta fada. Samplaí de TSU atá mar chuid de shaol na scoile le blianta fada is ea gníomhaíochtaí ina mbíonn baill éagsúla de phobal na scoile páirteach, amhail seachtain scileanna staidéir, laethanta um blaiseadh ábhair na hidirbhliana, agus ullmhúchán do thaithí oibre agus machnamh uirthi.

**Plean TSU:** Léirítear ansin cur chuige scoile i leith TSU agus cuimsíonn sé clár mionsonraithe TSU. I bplean TSU, déantar cur síos ar an bpróiseas trína ndéanfar gach gné den treoir a eagrú agus a chur i bhfeidhm bunaithe ar riachtanais na scoláirí agus na hacmhainní atá ar fáil i ngach scoil.

**Clár TSU:** Bíonn clár TSU mar chaibidil nó mar mhír laistigh de phlean TSU scoile. Sa chlár, liostaítear réimse de ghníomhaíochtaí agus d'eispéiris foghlama a bhaineann le treoir agus atá á gcur ar fáil laistigh den scoil le linn bliain acadúil ar leith. Liostaítear ann freisin torthaí foghlama atá gaolmhar le gach ceann de na gníomhaíochtaí a bhaineann le treoir.

**Foireann TSU:** tá foireann TSU ag gach scoil a dhearann agus a fhorbraíonn an plean TSU agus a eagraíonn agus a fheidhmíonn gach gné den phlean ina dhaidh sin. Tá TSU i scoileanna fairsing agus cuimsíonn sé mórán gnéithe de shaol na scoile. Beidh líon na mball foirne, agus iad siúd a bheidh rannpháirteach, éagsúil ó scoil go scoil. Go hiondúil, beidh ball den bhainistíocht shinsearach, treoirchomhairleoirí scoile agus daoine eile ina mbaill d'fhoireann TSU.

**Aonad foghlama don treoir:** grúpa ceachtanna nó modúl atá pleanáilte i scoil mar 'aonad' le teagasc do scoláirí in ord, ag céim forbartha ar leith.

# Clár na nÁbhar

Gluais de phríomhthéarmaí treorach ....... 2
Cuid 1: bunphrionsabail ....... 6
1.1 Réamhrá ....... 6
1.2 Comhthéacs ....... 6
1.3 Treoir a shainmhíniú ....... 7
1.4 Treoir scoile uile (TSU) ....... 8
1.5 Leithdháileadh do TSU ....... 9
Cuid 2: Pleanáil TSU: ....... 9
2.1 Réamhrá ....... 9
2.2 Contanam tacaíochta ....... 10
2.3 Pleanáil agus cleachtas TSU ....... 11
2.3.1 Foireann TSU a chruthú ....... 11
2.3.2 Plean TSU ....... 11
2.3.3 Clár TSU ....... 12
2.4 Róil agus freagrachtaí TSU ....... 13
2.4.1 An bord bainistíochta ....... 13
2.4.2 An fhoireann treorach ....... 13
2.4.3 Foireann tacaíochta scoláirí ....... 14
2.4.4 An treoirchomhairleoir ....... 15
2.4.5 Pearsanra uile na scoile ....... 17
2.4.5 Ranna ábhar ....... 17
Cuid 3: Clár TSU: ....... 18
3.1 Réamhrá ....... 18
Tábla: clár TSU iar-bhunscoile ....... 19
3.2 rannpháirtíocht atá oiriúnach don aois agus don chéim le heispéireas an scoláire ....... 31
3.3 Torthaí foghlama do scoláirí na Sraithe Sóisearaí ....... 32
3.4 Torthaí foghlama do scoláirí na hIdirbhliana ....... 33
3.5 Torthaí foghlama do scoláirí an cúgiú agus an séú bliain ....... 33
3.6 Scileanna bainistíochta gairme, rannpháirtíocht fostóirí agus conairí ....... 33

Cuid 4: plean agus clár TSU a fheidhmiú ........ 34
4.1 Réamhrá........ 34
4.2 Rochtain ar TSU ........ 34
4.3 Measúnú........ 36
4.4 Tuismitheoirí/caomhnóirí ........ 37
4.5 Infheictheacht agus rochtain ar TSU do ‘chách, do roinnt agus do bheagán’ ........ 38
4.6 Naisc le Folláine agus le hOideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) ........ 39
4.7 Dearadh uilíoch in TSU........ 39
4.8 TSU Éifeachtach........ 40
4.8.1 TSU Éifeachtach ........ 40
4.8.2 Tréithe chlár éifeachtach TSU ........ 40
4.1 Tacaíochtaí do na treoirchomhairleoirí agus d’fhoirne TSU ........ 41
4.11 An Chigireacht ........ 43
Aguisín 1: samplaí de ghníomhaíochtaí TSU ........ 44
Tábla 1: Sampla de ghníomhaíochtaí TSU atá ar fáil do gach scoláire ........ 44
Tábla 2: samplaí de sholáthar TSU do scoláirí na chéad bhliana ag teacht isteach ........ 46
Tábla 3: samplaí de sholáthar TSU do scoláirí na chéad bhliana........ 48
Tábla 4: samplaí de sholáthar TSU do scoláirí an dara bliain ........ 49
Tábla 5: samplaí de sholáthar TSU do scoláirí an tríú bliain ........ 50
Tábla 6: samplaí de sholáthar TSU do scoláirí na hIdirbhliana ........ 52
Tábla 7: samplaí de sholáthar TSU do scoláirí an cúigiú bliain ........ 53
Tábla 8: samplaí de sholáthar TSU do scoláirí an séú bliain........ 56
Tábla 9: samplaí de sholáthar TSU do scoláirí na hArdteistiméireachta ........ 57
Aguisín 2: Clár TSU – samplaí de ghníomhaíochtaí ó dhearcadh an mhúinteora ábhair ........ 57
Tábla 10: sampla de ghníomhaíochtaí TSU a rinne Roinn na Matamaitice........ 58
Tábla 11: Sampla de ghníomhaíochtaí TSU a rinne Roinn na Gearmáinise ........ 59
Aguisín 3: samhail de chontanam tacaíochta ........ 60
Aguisín 4: samplaí de thacaíocht TSU do ‘bheagán’ ........ 61
Cás-staidéar 1 ........ 61
Cás-staidéar 2 ........ 62
Cás-staidéar 3 ........ 64
Aguisín 5: codanna agus ábhar a d’fhéadfaí a chur san áireamh i bplean treorach........ 65

# Cuid 1: bunphrionsabail

## 1.1 Réamhrá

Soláthraíonn an foilseachán seo dréacht-treoirlínte maidir le feidhmiú na treorach scoile uile (TSU) in earnáil na hiar-bhunscoile.

In Alt 9 den Acht Oideachais (1998) sonraítear go mbainfidh scoil úsáid as na hacmhainní atá ar fáil aici chun:

- a chinntiú go bhfuil rochtain ag scoláirí ar threoir chuí chun cabhrú leo ina gcuid roghanna oideachais agus gairme;
- forbairt mhorálta, spioradálta, shóisialta agus phearsanta scoláirí a chur chun cinn agus chun oideachas sláinte a chur ar fáil dóibh, i gcomhairle lena dtuismitheoirí, ag féachaint do spiorad sainiúil na scoile agus,
- córais a bhunú agus a chothabháil lena bhféadfar éifeachtúlacht agus éifeachtacht a cuid oibríochtaí a mheasúnú, lena n-áirítear cáilíocht agus éifeachtacht na múinteoireachta sa scoil agus leibhéil ghnóthachtála agus caighdeáin acadúla scoláirí.

San fhoilseachán seo, soláthraítear treoirlínte ar chur i bhfeidhm TSU, mar an tsamhail chomhaimseartha agus sheanbhunaithe treorach in earnáil na hiar-bhunscoile. Sna treoirlínte seo, soláthraítear creat trína bhféadfaidh scoileanna cinntí a bhfuil bonn eolais fúthu a dhéanamh faoi conas is féidir TSU a fheidhmiú go héifeachtach i scoileanna, rud a léiríonn an tsamhail leithdháilte treorach. Cuireann na treoirlínte seo faisnéis ar fáil freisin ar féidir le scoileanna machnamh a dhéanamh uirthi chun caighdeáin ardcháilíochta agus comhsheasmhacht i soláthar treorach a chinntiú in Éirinn.

Le plean agus clár éifeachtach TSU, is féidir le pobail scoile a chinntiú go bhfuil rochtain ag scoláirí ar sheirbhís treorach atá oiriúnach agus inrochtana. Ag an am céanna, is féidir le scoileanna a chinntiú gur féidir tacú go héifeachtach agus go machnamhach le forbairt oideachais, ghairme, phearsanta agus shóisialta na scoláirí. Ar an mbealach sin, is féidir ionchais na bpobal scoile uile a shoiléiriú agus a bhainistiú laistigh de phobal na scoile.

## 1.2 Comhthéacs

Leagtar amach sa Chreat Straitéiseach Náisiúnta um Threoir ar feadh an tSaoil (2024-2030) fís, piléir, cuspóirí agus torthaí na treorach ar feadh an tsaoil in Éirinn. Tá beartas náisiúnta agus idirnáisiúnta mar bhunús leis an gcreat agus cuireann taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta bonn eolais faoi.

Cuimsíonn sé dearcthaí agus físeanna páirtithe leasmhara iomadúla a chuir leis an bpróiseas deartha trí chomhairliúchán náisiúnta a bhí fairsing agus cuimsitheach. Tharla an comhairliúchán náisiúnta seo, a bhaineann le treoir ar feadh an tsaoil, in 2022 agus foilsíodh Tuarascáil ar Phríomhtheachtaireachtaí.

Sa tuarascáil seo, tugadh roinnt iarratas ó dhearcthaí páirtithe leasmhara faoi deara, lena n-áirítear iarratas ar shoiléireacht maidir le ról seirbhísí treorach agus soiléireacht maidir le ról treoirchomhairleoirí laistigh de gach earnáil. Ina theannta sin, tugadh faoi deara ón gcomhairliúchán náisiúnta seo go gcuirfí fáilte roimh fhorbairt a dhéanamh ar churaclam láidir ar ardleibhéal don treoir ag leibhéal na hiar-bhunscoile.

Ina dhiaidh sin, d'fhorbair Aonad Treorach na Roinne Oideachais na treoirlínte seo chun teacht in ionad na dTreoirlínte do Scoileanna Dara Leibhéal ar Impleachtaí Alt 9(c) den Acht Oideachais 1998, a bhaineann le rochtain scoláirí ar threoir oiriúnach (2005). agus iad a athnuachan. Chomh maith le teacht in ionad na dtreoirlínte ó 2005, tá forbairt na dtreoirlínte sin mar chuid de chur chuige na Roinne maidir leis na gníomhaíochtaí thíos a chomhlíonadh sa Phlean Straitéiseach Gníomhaíochta don Treoir ar feadh an tSaoil.de chuid an Rialtais.

**Beart 1.4:** Scóip chleachtais na gcleachtóirí agus róil agus freagrachtaí ar fud gach gné den treoir ar feadh an tsaoil a dheimhniú d'fhonn feabhas a chur ar chomhoibriú agus ar chomhordú seirbhísí ar fud thírdhreach na treorach ar feadh an tsaoil.

**Beart 4.2:** Na caighdeáin a bhaineann le róil agus freagrachtaí treorach ar leith ar fud na n-earnálacha a shoiléiriú.

**Beart 4.4:** Iniúchadh a dhéanamh ar bhealaí a bhféadfaí caighdeáin ardcháilíochta agus comhsheasmhacht a chinntiú chun soláthar treorach in iar-bhunscoileanna a neartú.

**Beart 6.3:** Leanúint ar aghaidh ag cinntiú go gcuirtear eolas ar chonairí chuig an oideachas agus laistigh den oideachas agus chuig saol na hoibre ar fáil go neamhchlaonta trí réimse formáidí inrochtana, ag teacht le cur chuige um dhearadh uilíoch.

**Beart 6.5:** Leanúint ar aghaidh ag cinntiú go ndéantar inrochtaineacht, cuimsiú agus dearadh uilíoch a chomhtháthú i ngach beartas ábhartha a thagann faoi théarmaí an chreata straitéisigh don treoir ar feadh an tsaoil.

**Beart 6.6:** Acmhainní a fhorbairt, a chruthú agus a roinnt chun cleachtas treorach in iar-bhunscoileanna a fheabhsú.

Tá cláir chuimsitheacha TSU á leabú agus á gcur i bhfeidhm cheana féin in iar-bhunscoileanna. Mar sin féin, leis na treoirlínte seo, déanfar beartas comhaimseartha TSU a chur ar bhonn foirmiúil agus tacófar go náisiúnta le caighdeán soláthair níos fearr agus comhsheasmhacht i gcur chuige TSU.

## 1.3 Treoir a shainmhíniú

Is éard atá i gceist le treoir ná tacú le daoine aonair lena bhforbairt oideachais, ghairme, phearsanta agus shóisialta ionas go mbeidh siad cumasaithe chun cinntí agus roghanna saoil a bhfuil bonn eolais fúthu a dhéanamh.

Mar sin, tá treoir dírithe ar an duine agus iomlánaíoch, de réir an tsainmhínithe.

In iar-bhunscoileanna, tá ról suntasach ag an treoir chun tacú le folláine scoláirí agus cuidíonn sí le hacmhainneacht inmheánach agus sheachtrach a chothú.

Tá réimse de ghníomhaíochtaí comhordaithe agus d'eispéiris forbartha foghlama i gceist le feidhmiú na treorach in iar-bhunscoileanna chun tacú le scoláirí lena scileanna féinbhainistíochta. I measc na ngníomhaíochtaí/na n-eispéireas foghlama sin tá coinní duine le duine, obair ghrúpa, treoir ranga, aonaid foghlama, gníomhaíochtaí comhchuraclaim agus seach-churaclaim. Tá samplaí de sholáthar treorach in iar-bhunscoileanna ar fáil in aguisín 1.

Tá cothromaíocht i gceist le feidhmiú éifeachtach na treorach in iar-bhunscoileanna ionas go dtugtar tacaíocht chuí do scoláirí:

- i ngach réimse treorach (oideachasúil, gairme, pearsanta agus sóisialta);
- sna gníomhaíochtaí /heispéiris foghlama a chuirtear ar fáil dóibh. I measc na ngníomhaíochtaí/na n-eispéireas foghlama sin beidh meascán cothrom de choinní duine le duine, obair ghrúpa, treoir ranga, aonaid foghlama, gníomhaíochtaí comhchuraclaim agus seach-churaclaim agus;
- i dtaca le soláthar tacaíochtaí treorach: ba cheart treoir a chur ar fáil go cothrom, ag díriú ar chur chuige 'riachtanais-bhunaithe' feadh chontanaim agus ag an am céanna timpeallacht chuimsitheach a chothú inar féidir le gach scoláire a bheith rathúil, agus barr a c(h)umais a bhaint amach.

Is é TSU an tsamhail chomhaimseartha do threoir in iar-bhunscoileanna.

## 1.4 Treoir scoile uile (TSU)

Tagraíonn TSU do phróiseas trína mbíonn pobal scoile uile páirteach i soláthar treorach mar a shainmhínítear i gcuid 1.3. Tá TSU bunaithe agus leabaithe in iar-bhunscoileanna le blianta fada. Samplaí de TSU atá mar chuid de shaol na scoile le blianta fada is ea gníomhaíochtaí ina mbíonn baill éagsúla de phobal na scoile páirteach, amhail seachtain scileanna staidéir, laethanta um blaiseadh ábhar na hidirbhliana, agus ullmhúchán do thaithí oibre agus machnamh uirthi.

Cinntíonn TSU go soláthraíonn pearsanra uile na scoile lena n-áirítear an treoirchomhairleoir a bhfuil sainról atá ríthábhachtach aige/aici ach nach bhfuil teoranta dó/di sin, modh ailínithe, comhtháite agus éifeachtach tacaíochta treorach do gach scoláire.

Cinntíonn TSU go gcuirtear réimse leathan agus éagsúil de ghníomhaíochtaí agus d'eispéiris foghlama ar fáil do scoláirí in ord forbarthach, ag teacht le riachtanais scoláirí feadh contanaim.

Déanann foireann ainmnithe TSU an phleanáil do TSU, feidhmíonn siad é agus déanann siad plean TSU a fhorbairt. Tugtar breac-chuntas i bplean TSU ar chur chuige scoile i leith TSU agus cuimsíonn sé clár TSU mionsonraithe.

Toisc go mbainfidh éagsúlacht le riachtanais treorach gach pobal scoile, beidh foirne, pleananna agus cláir TSU éagsúil ó scoil go scoil.

## 1.5 Leithdháileadh do TSU

Faigheann gach scoil leithdháileadh maidir le soláthar treorach. Ríomhtar an leithdháileadh trí thagairt a dhéanamh don rollú ceadaithe, scoláirí PLC san áireamh. Is é an difríocht é idir an cóimheas idir daltaí agus múinteoir (PTR) de 19:1 agus PTR laghdaithe ag brath ar chatagóir na scoile:

| School Category | Reduced PTR |
|---|---|
| **Free Education Scheme – Non DEIS** | 18.4 |
| **Free Education Scheme – DEIS** | 17.65 |
| **Fee Charging** | 18.60 |

Is le haghaidh TSU atá an leithdháileadh seo, agus ba cheart é a chur i bhfeidhm faoi mar atá leagtha amach sna treoirlínte seo. Agus an leithdháileadh treorach á úsáid, ní mór do bhainistíocht na scoile machnamh cuí a dhéanamh ar an ról lárnach atá ag an treoirchomhairleoir cáilithe maidir le feidhmiú an phlean TSU. Beidh am ag teastáil ón treoirchomhairleoir le haghaidh coinní scoláirí aonair, le haghaidh ceachtanna Treorach, agus le hobair ghinearálta a bhaineann le treoir laistigh de chomhthéacs an phlean TSU.

# Cuid 2: Pleanáil TSU:

## 2.1 Réamhrá

Sa chuid seo tugtar breac-chuntas ar na próisis a bhaineann le plean éifeachtach TSU a fhorbairt agus a fheidhmiú. Le pleanáil éifeachtach, is féidir le scoileanna treoir chothrom atá bunaithe ar riachtanais a sholáthar a fhreastalaíonn ar gach scoláire, idir scoláirí a dteastaíonn tacaíocht ghinearálta uathu agus iad siúd a dteastaíonn idirghabhálacha aonair níos déine uathu.

Doiciméad dinimiciúil is ea an plean TSU a chaithfidh forbairt go bliantúil chun riachtanais athraitheacha na scoláirí agus an phobail scoile a léiriú. Cuimsíonn sé réimse leathan de ghníomhaíochtaí agus d’eispéiris foghlama, ag cinntiú go ndéantar treoir a chomhtháthú i ngach gné de shaol na scoile. Déanann an fhoireann TSU an plean a fhorbairt i gcomhar.

Sa chuid seo, leagtar amach na príomhchodanna de phleanáil TSU, lena n-áirítear foireann TSU a chruthú, plean TSU a fhorbairt, agus clár TSU a fheidhmiú. Pléifear freisin róil agus freagrachtaí na bpáirtithe leasmhara éagsúla, lena n-áirítear an bord bainistíochta, an fhoireann treorach, an fhoireann tacaíochta do scoláirí, agus pearsanra uile na scoile.

Má tá tuiscint ar na gnéithe sin agus má théitear i ngleic leo, is féidir le scoileanna timpeallacht thacúil agus chuimsitheach a chruthú a chothaíonn forbairt oideachais, ghairme, phearsanta agus shóisialta gach scoláire.

## 2.2 Contanam tacaíochta

Cuirtear samhail an chontanaim tacaíochta i bhfeidhm ar TSU chun cur chuige atá cothrom agus atá bunaithe ar riachtanais a bhreithniú agus a fheidhmiú i scoileanna.

Agus an contanam á fheidhmiú, tá sé mar aidhm ag an gclár TSU freastal ar riachtanais 'gach scoláire', 'roinnt scoláirí' agus 'beagán scoláirí'.  Ceadaíonn an tsamhail tacaíochta sin cur chuige cuimsitheach agus cothrom a ghlacadh maidir le pleanáil agus cleachtas TSU in iar-bhunscoileanna.

Síneann samhail an chontanam tacaíochta chuig na gníomhaíochtaí/eispéiris foghlama go léir a dhéantar i scoil i mbliain acadúil ar leith.  Aithnítear sa chur chuige sin nach úsáid éifeachtach ama atá sa chur chuige a ghlacann leis go n-oireann an toise céanna do chách.  Ina áit sin, soláthraítear seirbhís treorach inoiriúnaithe, a cheadaíonn réimse tacaíochtaí nó idirghabhálacha a fheidhmiú de réir mar a theastaíonn siad ó scoláirí.  Baineann samhail an chontanaim tacaíochta le seirbhís fhreagrúil agus chuimsitheach a sholáthar, a bhfaigheann scoláirí an cineál agus an méid ceart tacaíochta ag céimeanna éagsúla sa turas iar-bhunscoile laistigh de.

- Is éard atá i gceist le **treoir do chách** ná faisnéis, acmhainní agus gníomhaíochtaí a sholáthar atá ábhartha agus inrochtana do gach scoláire.  Tá gníomhaíochtaí a bhaineann le treoir agus eispéiris foghlama ar fáil do gach scoláire agus tá torthaí foghlama soiléire acu a fhreastalaíonn ar riachtanais fhormhór na scoláirí.  San áireamh i dtreoir do chách freisin tá próiseas chun iad siúd a bhfuil riachtanais bhreise acu a shainaithint go luath.
- Is éard atá i gceist le **treoir do roinnt** ná sainghrúpaí scoláirí a aithint a mbeadh cur chuige ar leith ina chabhair dóibh.  Dírítear tacaíocht treorach ar roinnt scoláirí, nó ar ghrúpaí scoláirí a dteastaíonn roinnt ionchur breise uathu.
- Is gnách go mbíonn tacaíocht níos déine agus níos dírithe ar an duine aonair i gceist le **treoir do bheagán**.  Tá an leibhéal idirghabhála sin ann do scoláirí a bhfuil riachtanais chasta agus/nó marthanacha acu agus níl mórán scoláirí a dteastóidh an leibhéal sin tacaíochta uathu.

Tá sampla de chontanam tacaíochta éifeachtach, bunaithe ar riachtanais na scoláirí, léirithe in Aguisín 2.  Tá samplaí de ghníomhaíochtaí scoile uile, a chuireann gach ball foirne ar fáil do chách, do roinnt agus do bheagán ar fáil in Aguisín 1.

Má dhéantar na riachtanais atá ag cách, ag roinnt agus ag beagán a shainaithint, agus ag an am céanna má dhéantar pearsanra scoile a shainaithint ar féidir leo na riachtanais sin a shásamh, is féidir seirbhís treorach éifeachtúil, éifeachtach agus freagrúil a sholáthar i ngach iar-bhunscoil.

## 2.3 Pleanáil agus cleachtas TSU

I gcomhthéacs an Achta Oideachais, mar atá léirithe i gcuid 1.1, tá sé ríthábhachtach breithniú a dhéanamh ar cad is treoir 'chuí' agus 'inrochtana' ann. Tá na tosca, lena n-áirítear riachtanais na scoláirí feadh contanaim, agus na hacmhainní atá ar fáil i ngach scoil, thar a bheith tábhachtach.

Tar éis na tosca sin agus athróga scoilbhunaithe eile a chur san áireamh, soláthróidh gach scoil plean saincheaptha TSU. Mar sin féin, tá dréacht-teimpléad ineagarthóireachta de phlean TSU á dhréachtú faoi láthair sa Roinn. Idir an dá linn, tá clár tosaigh na n-ábhar léirithe.

Agus plean TSU á chomhlánú, agus nuair atáthar ag plé leis an dréacht-teimpléad ineagarthóireachta de phlean TSU a bheidh á sholáthar ag an Roinn go luath, ní mór do gach scoil roinnt príomhphróiseas a chur i gcrích, mar a léirítear thíos.

### 2.3.1 Foireann TSU a chruthú

Tá TSU i scoileanna fairsing agus cuimsíonn sé mórán gnéithe de shaol na scoile. Níl aon fhreagracht ar aon duine aonair san iar-bhunscoil maidir le pleanáil agus feidhmiú TSU.  Ina ionad sin, ba cheart go dtacódh foireann TSU le clár agus plean TSU a fhorbairt.

Níl aon íoslíon nó uaslíon ionadaithe ag teastáil ar fhoireann TSU. Beidh líon na mball foirne, agus iad siúd a bheidh rannpháirteach, éagsúil ó scoil go scoil. Go hiondúil, beidh ball den bhainistíocht shinsearach, treoirchomhairleoirí scoile agus daoine eile mar bhaill d'fhoireann TSU.

Tá ról fhoireann TSU ilghnéitheach agus is féidir é a shainiú laistigh de gach scoil de réir mar is cuí. Tá ról agus freagrachtaí fhoireann TSU.

### 2.3.2 Plean TSU

Is doiciméad é an plean TSU ina dtugtar breac-chuntas ar ghníomhartha, gníomhaíochtaí agus eispéiris foghlama ar leith lena chinntiú go mbíonn rochtain ag gach scoláire ar threoir chuí le linn na bliana acadúla.  Is doiciméad cuimsitheach é ina bhfuil buneolas ar an gcaoi a bhfeidhmíonn TSU sa scoil chun freastal ar riachtanais treorach na scoláirí agus a dtuismitheoirí/gcaomhnóirí.

De ghnáth, déantar athbhreithniú agus uasdátú bliantúil ar an bplean TSU chun cineál athraitheach na ngníomhaíochtaí treorach agus gnéithe ábhartha eile a bhaineann le treoir a léiriú.  Tá gá le hathbhreithniú bliantúil chun a chinntiú go bhfuil an plean TSU cothrom le dáta.

Agus an plean TSU á ullmhú gach bliain, ba chóir do scoil smaoineamh ar anailís riachtanas a dhéanamh chun riachtanais treorach scoláirí agus a dtuismitheoirí a chinneadh.  Is féidir é seo a dhéanamh trí shuirbhéanna a dháileadh, grúpaí fócais le scoláirí, tuismitheoirí/caomhnóirí agus trí mhachnamh an treoirchomhairleora agus fhoirne TSU.

Tá sé tábhachtach freisin go dtabharfaí aird i gcónaí ar phrionsabail dearaidh uilíoch sa phlean TSU lena chinntiú go bhfuil teacht ar thacaíochtaí treorach ar mhórán bealaí éagsúla agus go bhfuil an tacaíocht fiúntach agus cothrom do scoláirí agus do thuismitheoirí. Tá tuilleadh faoi dhearadh uilíoch i dtreoir scoile uile san áireamh i gcuid 4.7 thíos.

Cuimsíonn an plean TSU obair/gníomhaíochtaí an treoirchomhairleora, na roinne treorach (más infheidhme) agus pearsanra uile na scoile, de réir an tsainmhínithe ar an treoir atá léirithe i gcuid 1.3.

Moltar do scoileanna tagairt a dhéanamh don doiciméad sin mar phlean TSU, an doiciméad trína bhfuil sé i gceist aghaidh a thabhairt ar riachtanais treorach le linn na bliana acadúla, seachas mar ‘bheartas’ TSU nach mór cloí leis.

I bplean éifeachtach TSU, aithneofar samplaí de sholáthar TSU do phobal na scoile mar a léirítear in aguisín 1 agus 2.  San áireamh sa soláthar TSU sin tá feidhmiú chlár TSU, a léirítear sa chéad chuid eile, 2.3.3

### 2.3.3 Clár TSU

Bíonn clár TSU mar chaibidil nó mar mhír laistigh de phlean TSU scoile.

I gclár TSU, liostaítear réimse de ghníomhaíochtaí agus d’eispéiris foghlama a bhaineann le treoir agus atá á gcur ar fáil laistigh den scoil le linn bliain acadúil ar leith.

Forbraítear clár TSU do scoileanna tar éis anailíse bunaithe ar riachtanais na scoláirí agus a dtuismitheoirí/gcaomhnóirí dá dtagraítear i gcuid 2.3.2.  Achoimre chuimsitheach is ea clár TSU ar ghníomhaíochtaí a sholáthraítear sa scoil chun freastal ar riachtanais treorach phobal na scoile (scoláirí agus tuismitheoirí) feadh contanaim (treoir do chách, do roinnt agus do bheagán).

Cuimsíonn clár TSU éifeachtach éagsúlacht d’eispéiris foghlama lena n-áirítear treoir ranga, seisiúin ghrúpa, cruinnithe duine le duine agus mórán eile gníomhaíochtaí treorach curaclaim agus comhchuraclaim.  Déantar cur síos mionsonraithe ar gach gníomhaíocht sa phlean treorach chun torthaí foghlama agus measúnú etc. a chur san áireamh.

Cuid lárnach den chlár treorach is ea treoir ranga.  Soláthraíonn doiciméad Aguisín I, atá ar fáil ar shuíomh Gréasáin CNCM, teimpléad a d’fhéadfaí a úsáid laistigh den phlean TSU, chun aonaid treorach foghlama a dhearadh do scoláirí na Sraithe Sóisearaí agus na Sraithe Sinsearaí ina gcuimsítear gnéithe bunúsacha mar thorthaí foghlama agus measúnú.

Beidh éagsúlacht ag baint leis an gclár treorach ó scoil go scoil mar beidh sé deartha chun freastal ar riachtanais na scoláirí agus na dtuismitheoirí i ngach pobal. Ina theannta sin, tiocfaidh athrú air ó bhliain go bliain mar go bhféadfadh riachtanais na scoláirí (agus na dtuismitheoirí/gcaomhnóirí) a bheith éagsúil gach bliain. Tá sé deartha chun freastal ar riachtanais scoláirí (agus tuismitheoirí/caomhnóirí) trí réimse d'eispéiris foghlama a chuirtear ar fáil in ord forbarthach a fheidhmiú, ar eispéiris iad a chabhraíonn le scoláirí scileanna féin-bhainistíochta a fhorbairt, as a dtiocfaidh roghanna agus cinntí éifeachtacha faoina saol.

Tugtar breac-chuntas ar théamaí agus ar thopaicí ar cheart iad a chur san áireamh i gclár éifeachtach TSU, soláthraítear sampla de bhealach ar féidir le scoil a plean TSU a fhorbairt chun freastal ar riachtanais na scoláirí ó thaobh na dtéamaí agus na dtopaicí sin in aguisín 1 agus 3.

## 2.4 Róil agus freagrachtaí TSU

Ba cheart go gcuimseodh plean TSU míniú ar róil agus ar fhreagrachtaí phearsanra na scoile.

Go ginearálta, bainfidh na freagrachtaí seo a leanas leis na grúpaí thíos i bpobal scoile.

### 2.4.1 An bord bainistíochta

Tá boird bhainistíochta scoile ag teastáil freisin, ag teacht le sainorduithe ó Alt 21 den Acht Oideachais (1998), chun plean scoile a ullmhú, a athbhreithniú go rialta agus a uasdátú. Dá réir sin, táthar ag súil go ndéanfaidh scoileanna prionsabail agus cleachtais TSU a chomhtháthú sa phleanáil sin.

Tá sé de fhreagracht ar an mbord bainistíochta agus ar fhoireann bainistíochta na scoile a chinntiú go bhfuil soláthar agus cleachtas na treorach sa scoil ar an gcaighdeán is airde is féidir.

Ba cheart don bhord athbhreithniú a dhéanamh ar an bplean TSU gach bliain agus a n-ainm a chur leis. Nuair a bheidh an plean bunaithe, is féidir achoimre ar na hathruithe sa phlean TSU a sholáthar don bhord le haghaidh forléargais agus chun a n-ainm a chur leis.

### 2.4.2 An fhoireann treorach

Tá ról fhoireann TSU ilghnéitheach agus is féidir é a shainiú laistigh de gach scoil de réir mar is cuí. Is iondúil, áfach, go mbíonn ról ríthábhachtach ag foireann TSU maidir le cur chuige cuimsitheach agus tacúil a chothú i leith TSU in iar-bhunscoileanna, a gcuirtear síos air i bpointe 3 thuas. Féadfaidh siad seo a leanas a bheith san áireamh ann, ach níl sé teoranta dóibh siúd amháin:

- plean TSU a dhearadh chun freastal ar riachtanais phobal uile na scoile ar feadh na bliana acadúla;
- maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmiú an phlean TSU;

- guth an scoláire agus an tuismitheora a chur san áireamh nuair is féidir agus nuair is cuí agus;
- athbhreithniú a dhéanamh ar an TSU, doiciméad atá ag síorathrú, a bhfuil sé mar aidhm aige freastal ar riachtanais treorach ilghnéitheacha agus leathana phobal na scoile uile.

Cuimsíonn obair na foirne treorach gach réimse den treoir (phearsanta, shóisialta, oideachais agus ghairme) ag teacht leis an sainmhíniú thuas. D'fhéadfadh sé go mbeadh roinnt réimsí forluiteacha nó roinnt gníomhaíochtaí roinnte idir obair na foirne treorach agus foirne eile i ngach scoil. Mar sin féin, beidh a téarmaí tagartha féin, agus a sainchúram féin ag gach foireann sa scoil. Chun tacú le scoileanna réimsí soiléire comhoibrithe agus teorainneacha soiléire idir na foirne seo a shainaithint, tabharfar breac-chuntas i bpointí 7 agus 8 ar roinnt eolas tábhachtach a bhaineann le foirne tacaíochta scoláirí agus foirne folláine, faoi seach.

### 2.4.3 Foireann tacaíochta scoláirí

Tá foireann tacaíochta scoláirí mar chuid lárnach den chóras tacaíochta scoláirí i scoil. Is í sin an fhoireann uileghabhálach atá freagrach as bearta chun leas agus folláine na scoláirí go léir a chur chun cinn. Is córas é trína ndéantar mórán de na tacaíochtaí reatha do scoláirí a chomhordú agus a phleanáil. Feidhmíonn foireann tacaíochta scoláirí mar mhol scoile, ag tabhairt comhleanúnachais don chóras tacaíochta trí chomhordú a dhéanamh ar obair luachmhar na ranna, na bhfoirne agus/nó na ngrúpaí ar nós foireann pleanála churaclam folláine na Sraithe Sóisearaí, roinn na riachtanas speisialta oideachais (RSO), an fhoireann bainistíochta do teagmhas criticiúil (CIMT) mar aon le foireann treorach agus tréadchúraim (SNSO, 2021).

Is ball lárnach den fhoireann tacaíochta scoláirí an treoirchomhairleoir. Féadfaidh an treoirchomhairleoir úsáid a bhaint as an bhfóram seo freisin chun foirne nó tionscnaimh iomadúla eile sa scoil a chomhordú agus tacú leo, de réir mar a oireann do riachtanais phobal na scoile (SNSO, 2021). Is minic gurb é/í an treoirchomhairleoir an t-aon bhall den fhoireann tacaíochta scoláirí ar gá cáilíocht iarchéime i scileanna comhairleoireachta a bheith aige/aici. Ba cheart go dtabharfaí breac-chuntas sa plean TSU ar an réimse inniúlachtaí atá ar fáil laistigh den scoil chun tacú le scoláirí agus go ndéanfaí cur síos ar conas a dhéantar na struchtúir tacaíochta inmheánacha agus atreoruithe chuig an bhfoireann tacaíochta scoláirí. Tá tuilleadh eolais ar ról an treoirchomhairleora maidir le treoirchomhairleoireacht phearsanta agus shóisialta ar fáil: Nóta Faisnéise do Scoileanna maidir le Treoirchomhairleoireacht Phearsanta agus Shóisialta [0008/2023].

Is iondúil go mbeidh mír i bplean TSU a nascann TSU leis an bhfoireann tacaíochta do scoláirí. Mar shampla, d'fhéadfadh sé go gcuimseodh sé cur síos ar an gcaoi a dtacaíonn an treoir le forbairt phearsanta agus shóisialta na scoláirí sa scoil, maidir leis an gcur chuige scoile-uile níos leithne i leith tacaíochta do scoláirí (leas agus folláine).  Le faisnéis mhionsonraithe a fháil faoi chomhdhéanamh, ról agus seicliosta chun tacú le forbairt agus athbhreithniú a dhéanamh ar fhoireann tacaíochta do scoláirí, tagair, le do thoil, d'eochairfhoilseachán SNSO Foirne Tacaíochta do Scoláirí in Iar-Bhunscoileanna:  Treoir chun Foireann a Bhunú nó Athbhreithniú a Dhéanamh ar an bhFoireann Reatha  (2021).

## 2.4.4 An treoirchomhairleoir

Tá ról an treoirchomhairleora casta agus leathan.  Féadfaidh sé athrú ó scoil go scoil ag teacht le riachtanais gach pobail scoile.  Tá sé mar chuspóir ag treoirchomhairleoireacht scoláirí a chumasú maidir lena bhforbairt oideachais, ghairme, phearsanta agus shóisialta.  Tugann treoirchomhairleoirí, mar aon le gach ball foirne scoile tacaíocht do scoláirí chun cinntí eolacha a dhéanamh, dúshláin a shárú agus fadhbanna a réiteach i ngach réimse a bhaineann le treoir.

Tugann treoirchomhairleoir faoi na gníomhaíochtaí bunlíne seo a leanas i suíomh iar-bhunscoile:

- Ag obair i gcomhar leis an bhfoireann treorach agus le pearsanra na scoile chun gach gné de phlean TSU a phleanáil, a threorú, a sholáthar, a athbhreithniú agus a mheas, lena n-áirítear an clár TSU do scoláirí ag gach céim den turas iar-bhunscoile;
- Straitéisí éifeachtacha teagaisc, foghlama agus measúnaithe a fhorbairt don rang treorach.  Ranganna treorach a theagasc agus tacú le múinteoirí eile atá ag gabháil do ranganna foghlama a bhaineann le treoir.
- Treoirchomhairleoireacht aonair agus grúpa a sholáthar chun forbairt phearsanta agus shóisialta, oideachais agus ghairme a éascú agus ag tráthanna géarchéime pearsanta;
- Measúnuithe síciméadracha a úsáid (i.e. trialacha cumais agus inniúlachta agus fardail um spéis ghairme) chun cinnteoireacht ghairme agus forbairt phearsanta a éascú, agus chun tacú le roghanna foghlama agus oideachais;
- Páirt a ghlacadh san fhoireann tacaíochta do scoláirí mar bhall foirne lárnach;
- A bheith ag obair le tuismitheoirí (de réir mar is cuí), le baill eile de phobal na scoile agus le gníomhaireachtaí atreoraithe chun forbairt phearsanta agus shóisialta, oideachais agus ghairme na scoláirí agus na n-úsáideoirí seirbhíse a éascú agus;
- Scoláirí a atreorú chuig gníomhaireachtaí agus gairmithe seachtracha, de réir mar is cuí.

Tá cháilíocht dhéach ag treoirchomhairleoirí iar-bhunscoile.  Tá clárúchán Bhealach 2 de chuid na Comhairle Múinteoireachta acu agus cáilíocht chuí sa treoirchomhairleoireacht.  Cé gur féidir le ról an treoirchomhairleora a bheith éagsúil ó scoil go scoil, tá breac-chuntas ar na gníomhaíochtaí a dhéanann an treoirchomhairleoir de ghnáth sa doiciméad Creat Aitheantais Cláir (PRF) (2016).

Tá saineolas agus oiliúint ag treoirchomhairleoirí chun tacú le forbairt phearsanta/shóisialta, forbairt oideachais agus forbairt ghairme scoláirí maidir le soláthar TSU.  Tabharfaidh treoirchomhairleoir faoi obair le scoláirí sa seomra ranga, i ngrúpaí agus trí sheisiúin duine le duine, de réir mar is cuí.

Cinnteoidh cur chuige cothrom maidir le bainistíocht ama thar ceann an treoirchomhairleora go ndéanfar freastal ar riachtanais treorach uile na scoláirí (pearsanta, sóisialta, oideachais agus gairmeacha) chomh héifeachtach agus is féidir.  Is iondúil go gcaitear aon trian d'am leithdháilte an treoirchomhairleora ag teagasc treoir ranga agus cuirfear dhá thrian ar fáil le haghaidh obair ghrúpa, seisiúin duine le duine agus comhpháirteanna eile a bhaineann leis an ról, amhail freastal ar chruinnithe den fhoireann tacaíochta do scoláirí.

Is baill lárnacha d'fhoireann tacaíochta scoláirí na scoile iad na treoirchomhairleoirí agus tá siad cáilithe chun leibhéal tacaíochta comhairleoireachta pearsanta agus sóisialta a sholáthar, laistigh de chomhthéacs treorach.  Is cuid lárnach den chlár um threoir scoile í an chomhairleoireacht i gcomhthéacs treorach, a chuirtear ar fáil ar bhonn duine aonair nó grúpa mar chuid de phróiseas foghlama forbraíochta, ag tráthanna géarchéime pearsanta ach freisin ag príomhphointí aistrithe, amhail aistriú chuig breisoideachas nó fostaíocht.  Soláthraíonn an PRF breac-chuntas ar na scileanna agus na hinniúlachtaí a fhorbraíonn treoirchomhairleoirí laistigh dá n-oiliúint ionas gur féidir leo a sainról a chur i gcrích.

D'fhéadfadh sé go n-oibreodh treoirchomhairleoirí le scoláirí ar réimse leathan saincheisteanna a mbíonn deacrachtaí ag roinnt scoláirí iad a bhainistiú leo féin nó le tacaíocht ón teaghlach nó ó phiaraí.  Ina theannta sin, soláthraíonn an treoirchomhairleoir atreorú scoláirí chuig gníomhaireachtaí comhairleoireachta agus gairmithe seachtracha.

Nuair is gá, cruthaíonn agus coimeádann an treoirchomhairleoir 'spás sábháilte' don scoláire fad a bhíonn sé/sí ag fanacht nó go gcuirfear tús le tacaíochtaí pobail.  I ngach treoirchomhairleoireacht phearsanta agus shóisialta, oibríonn an treoirchomhairleoir laistigh de threoirlínte gairmiúla lena n-áirítear nósanna imeachta um chosaint leanaí.

Níl an chuid seo ar ról an treoirchomhairleora uileghabhálach, agus níl sé i gceist go mbeadh sí saintreorach.  Féadfaidh treoirchomhairleoir a bheith páirteach i roinnt gníomhaíochtaí eile mar chuid dá ról in iar-bhunscoil.  Chun sampla amháin a ainmniú, de ghnáth is baill lárnacha d'fhoireann na scoile do theagmhas criticiúil iad na treoirchomhairleoirí.

**Tabhair do d'aire:** tagraíonn roinnt gníomhartha atá leagtha amach sa Chreat Straitéiseach Náisiúnta um Threoir ar Feadh an tSaoil do scóip an chleachtais, na ról agus na bhfreagrachtaí a dhearbhú agus na caighdeáin a bhaineann le róil treorach a shoiléiriú.  Mar sin, tá 'doiciméad róil' do threoirchomhairleoirí á fhorbairt laistigh den Roinn faoi láthair.  Ag an am céanna, tá an Creat Aitheantais Cláir (2016) á athbhreithniú agus déanfar é a uasdátú in am trátha.

## 2.4.5 Pearsanra uile na scoile

Bunphrionsabal atá taobh thiar de TSU is ea rannpháirtíocht phearsanra uile na scoile i bhforbairt oideachais, ghairme, shóisialta agus phearsanta na scoláirí.  Tá sé de chumas ag idirghníomhaíochtaí agus comhráite laethúla idir scoláirí agus pearsanra scoile tionchar a bheith acu trína bhféadfaí tacú le scoláire ina f(h)orbairt oideachais, ghairme agus phearsanta/shóisialta.

D'fhéadfadh idirghníomhaíochtaí le pearsanra scoile, ar idirghníomhaíochtaí iad a bhaineann go sonrach le treoir, lena n-áirítear an treoirchomhairleoir ach gan a bheith teoranta dó, tarlú:

- trí choinní duine le duine, obair ghrúpa, treoir ranga agus aonaid foghlama;
- le linn gníomhaíochtaí seach-churaclaim nó comhchuraclaim (e.g. scoláireachtaí spóirt, clubanna acadúla, gníomhaíochtaí chomhairle na scoláirí etc.);
- go neamhfhoirmiúil, i gcomhráite a bhíonn ar siúl mar chuid de ghnáthghníomhaíochtaí laethúla na scoile (e.g. comhrá faoin dul chun cinn maidir le hobair bhaile, nó scéal faoin gcaoi ar ghlac múinteoir bealach seachas an gnáthbhealach isteach sa ghairm) agus;
- le linn príomhphointí aistrithe (e.g. laethanta eolais faoi rogha ábhar, cinnteoireacht faoi leibhéil ábhair nó le linn foghlama sa seomra ranga).

Le pleanáil éifeachtach (pleanáil TSU agus pleanáil ranna ábhair araon) is féidir aitheantas foirmiúil agus tiomantas gníomhach do thacaíocht a bhaineann le treoir do scoláirí a aithint agus a fheidhmiú ag leibhéal scoile uile (féach Aguisín).

**Tabhair do d'aire:** tá teimpléad ineagarthóireachta do phleanáil TSU á dhréachtú sa Roinn agus beidh sé ar fáil in am trátha.  Déanfar an teimpléad ineagarthóireachta sin a chur i ngníomh faoi 6.6 sa phlean straitéiseach gníomhaíochta do threoir ar feadh an tsaoil, agus forbairt acmhainní chun cleachtas treorach in iar-bhunscoileanna a fheabhsú.

## 2.4.5 Ranna ábhar

Is é ról agus freagracht na ranna ábhar sna scoileanna a rannchuidiú a lua i ngach plean roinne. D'fhéadfadh nóta gairid a bheith san áireamh ansin ar an gcaoi a rannchuidíonn an roinn ábhar:

- go foirmiúil le gníomhaíochtaí bliantúla e.g. próisis roghnaithe ábhar, seachtain gairmeacha etc.;
- le tacaíocht treorach sheach-churaclaim/chomhchuraclaim do scoláirí;
- le foghlaim charnach a bhaineann le treoir e.g. tacaíocht maidir le hobair bhaile, scileanna staidéir, etc.;
- le haird a dhíriú ar chonairí/réimsí gairme a bhaineann lena n-ábhar agus;
- Is é ról agus freagracht na ranna ábhar a rannchuidiú le TSU a lua laistigh dá bpleananna ranna ábhar.

Tá achoimre shamplach ar fáil in aguisín den doiciméad seo.

# Cuid 3: Clár TSU:

## 3.1 Réamhrá

Sa chuid seo tugtar breac-chuntas ar an gclár TSU comhaimseartha a mbeidh scoláirí in Éirinn ag plé leis le linn a n-eispéiris iar-bhunscoile.

Laistigh den chlár treorach thíos, cuirtear roinnt téamaí agus topaicí leathana san áireamh, agus tugtar breac-chuntas ar bhuntáistí soiléire do scoláirí a bhaineann le gach téama/topaic.

Samhlaítear go mbeidh teagmháil ag scoláirí le gach téama/topaic ar a laghad uair amháin, le linn a n-eispéiris iar-bhunscoile agus go mbainfear amach eispéireas gach scoláire ag aois agus ag céim a oireann dóibh.  Beidh amlínte an-chinnte ag cuid de na topaicí seo thíos maidir le cathain a chuirfear an fhoghlaim i láthair an scoláire, agus d'fhéadfaí bualadh le topaicí eile ag céimeanna éagsúla.

Soláthraíonn clár éifeachtach TSU réimse de thaithí foghlama le coinní treorach duine le duine, obair ghrúpa, treoir ranga, aonaid foghlama, gníomhaíochtaí comhchuraclaim agus seach-churaclaim.

Cé go ndearna Aonad Treorach na Roinne an clár TSU seo a mheas go cúramach agus gur cruthaíodh é trí chomhoibriú le hInstitiúid na dTreoirchomhairleoirí, an fhoireann Treorach in Oide agus an Chigireacht Treorach, níl sé iomlán cuimsitheach.  Féadfaidh scoileanna agus foirne treorach téamaí/ábhair bhreise agus eispéiris scoláirí a chur leis mar is cuí dá bpobail scoile féin.

Cuirtear na téamaí agus na topaicí i láthair sa tábla, in ord a mheastar a bheith cabhrach, ach níl an t-ord sin éigeantach.

| Tábla: clár TSU iar-bhunscoile | | |
|---|---|---|
| Téama | Topaic | Eispéaras an scoláire |
| Féinfhorbairt<br><br>Forbairt oideachais<br><br>Forbairt gairme | Luachanna pearsanta | Beidh scoláirí ábalta:<br>- An coincheap a bhaineann le luach pearsanta a mhíniú agus samplaí a thabhairt;<br>- Na rudaí atá tábhachtach dóibh a mhíniú agus;<br>- Roghanna gairme a phlé a mheaitseálann na luachanna aitheanta |
| Forbairt gairme | Iniúchadh gairme | Beidh scoláirí ábalta:<br>- An oiread gairmeacha agus is féidir a shainaithint agus cur síos a dhéanamh ar chineálacha éagsúla oibre;<br>- Na cineálacha éagsúla oibre a shainaithint agus iad a rangú mar íoctha / neamhíoctha / deonach;<br>- Cur síos a dhéanamh ar na buntáistí a bhaineann le hobair (don duine aonair, don tsochaí agus don gheilleagar);<br>- Cur síos a dhéanamh ar a bhfuil i gceist leis an margadh saothair agus conas a bhaineann sé leosan;<br>- Míniú a thabhairt ar an áit ar féidir teacht ar shonraí ar thorthaí céimithe agus ar neamh-dul chun cinn (An tÚdarás um Ard-Oideachas) agus machnamh a dhéanamh ar conas a d'fhéadfadh an fhaisnéis sin a bheith úsáideach do dhaoine aonair;<br>- Míniú a thabhairt ar an áit ar féidir teacht ar staitisticí a bhaineann le fostaíocht, amhail torthaí fadaimseartha (An Phríomh-Oifig Staidrimh) agus machnamh a dhéanamh ar conas a d'fhéadfadh an fhaisnéis sin a bheith úsáideach do dhaoine aonair;<br>- Cur síos ar threochtaí fostaíochta agus;<br>- Machnamh a dhéanamh ar conas a d'fhéadfadh saol na hoibre agus gairmeacha/poist athrú sa todhchaí. |

| | | |
|---|---|---|
| Forbairt gairme | Iniúchadh ar scileanna | Beidh scoláirí ábalta:<br>- Na cineálacha éagsúla scileanna agus inniúlachtaí a theastaíonn le haghaidh cineálacha éagsúla ionad oibre a shainaithint;<br>- Coincheap na scileanna trasnaí a thuiscint agus na scileanna a chuimsíonn sé sin;<br>- An chaoi a ndéantar na scileanna sin a fhorbairt san oideachas, san oiliúint agus sa saol pearsanta a phlé, agus;<br>- Machnamh a dhéanamh ar conas a d'fhéadfadh éileamh ar scileanna athrú sa todhchaí. |
| Forbairt oideachais | Scileanna staidéir | Beidh scoláirí ábalta:<br>- Spriocanna insroichte a leagan amach dóibh féin;<br>- Samplaí de theicnící staidéir a liostú, agus machnamh a dhéanamh ar na cinn is fearr a oibríonn dóibh;<br>- Cumas a léiriú maidir lena gcuid ama a phleanáil agus a bhainistiú maidir lena n-obair bhaile agus staidéar agus;<br>- Míniú a thabhairt ar cá háit ar féidir leo dul chun teacht ar thacaíocht maidir le n-obair bhaile agus staidéar. |
| Féinfhorbairt | Féin-iniúchadh agus socrú spriocanna | Beidh scoláirí ábalta:<br>- Machnamh a dhéanamh ar cé hiad féin, a bhféiniúlacht, a luachanna, agus a meon, chun tuiscint níos fearr a fháil orthu féin;<br>- Cuid dá spriocanna pearsanta a shainaithint agus conas iad a bhaint amach a iniúchadh;<br>- Tuiscint a fháil ar an tábhacht a bhaineann le foghlaim agus forbairt scileanna dá gcuid oiliúna/fostaíochta sa todhchaí agus;<br>- Iad féin / a gcuid oibre a chur i láthair ar bhealach muiníneach agus comhfhiosach. |

| | | |
|---|---|---|
| Forbairt gairme | Scileanna agus inniúlachtaí | Beidh scoláirí ábalta:<br>- A bpríomhscileanna agus a bpríomhinniúlachtaí a shainaithint;<br>- Machnamh a dhéanamh ar an áit agus ar an gcaoi a bhforbraítear scileanna (e.g. san oideachas, tríd an seach-churaclaim, trí thaithí oibre agus obair dheonach) agus conas atá siad inaistrithe chuig saol na hoibre agus gairmeacha amach anseo.<br>- A láidreachtaí, inniúlachtaí, scileanna, ábhair spéise agus luachanna a phlé agus;<br>- C.V. a chruthú |
| Féinfhorbairt<br><br>Forbairt oideachais<br><br>Forbairt gairme | Eiseamláirí | Beidh scoláirí ábalta:<br>- Coincheap na heiseamláire a mhíniú;<br>- Samplaí a thabhairt d'eiseamláirí dearfacha ina saol agus;<br>- Eiseamláirí a shainaithint laistigh d'earnáil na tionsclaíochta, e.g. eiseamláirí baineanna i ngairmeacha STEM. |
| Féinfhorbairt | Inspreagadh | Beidh scoláirí ábalta:<br>- Coincheap an inspreagtha a mhíniú;<br>- An nasc idir inspreagadh, foghlaim agus socrú spriocanna a shainaithint agus;<br>- A leibhéil inspreagtha maidir lena n-eispéiris roimhe seo agus a bpleananna don todhchaí a phlé. |
| Foghlaim ghníomhach agus fiosrú | Rannpháirtíocht le faisnéis agus taighde | Beidh scoláirí ábalta:<br>- Foinsí iontaofa faisnéise a bhaineann le treoir (náisiúnta agus idirnáisiúnta) a shainaithint;<br>- Ardáin ar líne a nascleanúint chun cabhrú le forbairt phearsanta / oideachais agus gairme agus;<br>- Úsáid a bhaint as foinsí éagsúla faisnéise chun taighde neamhspleách a dhéanamh ar réimsí spéise pearsanta / oideachais agus gairme / soghluaisteachta mar scil ar feadh an tsaoil. |

| | | |
|---|---|---|
| Féinfhorbairt | Cothromaíocht | Beidh scoláirí ábalta:<br>- A bhfuil i gceist le stíl mhaireachtála chothrom a mhíniú;<br>- Feasacht a léiriú ar chuid de phrionsabail na beatha sláintiúla agus an fhéinchúraim e.g. aiste bhia, aclaíocht, codladh;<br>- Machnamh a dhéanamh ar a stíleanna maireachtála féin agus iad a choigeartú nuair is gá sin a dhéanamh chun cothromaíocht a choinneáil agus;<br>- Míniú conas teacht ar thacaíocht nuair is gá. |
| Féinfhorbairt | Rialú mothúchánach | Beidh scoláirí ábalta:<br>- Cad is strus ann a phlé;<br>- An chaoi a mothaíonn strus agus a thionchar a shainaithint;<br>- Míniú a thabhairt ar luach na dteicnící agus na gcleachtas um fhaoiseamh ón strus chun tacú leo ina saol laethúil agus;<br>- Straitéisí um fhaoiseamh ón strus a thacaíonn leo iad féin a bhainistiú a chleachtadh. |
| Foghlaim ghníomhach agus fiosrú | Rannpháirtíocht le huirlisí machnamhacha agus le measúnuithe | Beidh scoláirí ábalta:<br>- rochtain a fháil ar fhardail spéise agus iad a chur i gcrích chun dul i ngleic go machnamhach le huirlisí/measúnuithe agus;<br>- a n-ábhair spéise, a gcáilíochtaí agus a scileanna a phlé agus conas a d'fhéadfadh baint a bheith acu sin lena n-oideachas agus lena bhforbairt gairme, anois agus amach anseo, agus lena réimsí oibre. |
| Forbairt oideachais | Conairí[1] tríd an iar-bhunscoil | Beidh scoláirí ábalta:<br>- Cur síos a dhéanamh ar chláir atá ar fáil dóibh, croí-ábhair, rogha-ábhair;<br>- Ábhair na Sraithe Sinsearaí a nascadh le poist agus le conairí gairme éagsúla agus;<br>- Anailís mhachnamhach a dhéanamh ar a gconair aonair féin trína n-eispéireas iar-bhunscoile. |

| | | |
|---|---|---|
| Conairí | Aistriú e.g.: ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil ón tSraith Shóisearach go dtí an tSraith Shinsearach ag athrú scoileanna ón iar-bhunscoil go dtí 'na chéad chéimeanna eile' | Beidh scoláirí ábalta:<br>- A luachanna a shainaithint agus conas is féidir leo a luachanna a úsáid sa chinnteoireacht;<br>- Dúshláin agus ábhair imní a bhaineann lena n-aistriú a scrúdú agus bealaí a shainaithint chun dul i ngleic leis sin;<br>- Daoine a shainaithint ar féidir leo cabhair agus tacaíochtaí atá ar fáil dóibh a iarraidh orthu;<br>- Spriocanna fónta agus cuí (foghlaim) a leagan síos agus measúnú a dhéanamh ar a ndul chun cinn i dtreo na spriocanna sin a bhaint amach;<br>- A mhíniú go dtarlaíonn aistriú le linn aistear an tsaoil, gur féidir é a bheith pleanáilte agus gan a bheith pleanáilte agus conas is féidir é a bhainistiú a phlé;<br>- Sampla a thabhairt d'aistriú ar mhair siad tríd, agus aistriú atá le teacht;<br>- A n-éachtaí féin a aithint agus na scileanna láimhseála a fheidhmíonn siad nuair a bhíonn aistriú á dhéanamh acu. |
| Féinfhorbairt<br><br>Forbairt oideachais<br><br>Forbairt gairme | Cinnteoireacht | Beidh scoláirí ábalta:<br>Breac-chuntas a thabhairt ar na tosca éagsúla a bhaineann leis an bpróiseas cinnteoireachta gairme agus oideachais;<br>- Dúshláin nó constaicí a chuireann as don chinnteoireacht a phlé;<br>- iarmhairtí cinntí a d'fhéadfaí a dhéanamh a bhreithniú agus;<br>- Coincheap na scileanna smaointeoireachta criticiúla a mhíniú. |
| Féinfhorbairt<br><br>Forbairt oideachais<br><br>Forbairt gairme | Inniúlachtaí | Beidh scoláirí ábalta:<br>- Cad is inniúlacht ann a mhíniú agus samplaí a thabhairt;<br>- A n-inniúlachtaí ina leith féin a phlé, forbróidh scoláirí a bhfeasacht go bhfuil láidreachtaí áirithe acu in inniúlachtaí éagsúla agus;<br>- Anailís a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir le machnamh ar inniúlachtaí cabhrú le roghanna oideachais agus gairme. |

| | | |
|---|---|---|
| Conairí | Breithniú a dhéanamh ar mo staid reatha agus ar mo thodhchaí | Beidh scoláirí ábalta:<br>- Plé a dhéanamh ar na hábhair agus na conairí a d'fhéadfadh a bheith ina roghanna maithe dóibh go pearsanta, maidir leis na roghanna go léir atá ar fáil dóibh ar fud an chórais agus i gcomhthéacs a scoile féin;<br>- Tosca tábhachtacha a shainaithint atá le cur san áireamh agus ábhair agus conairí á roghnú;<br>- An bhaint atá ag ábhair agus conairí le roghanna gairme amach anseo a shainaithint;<br>- An áit a bhfaigheann siad eolas ar a n-ábhair/gconairí a mhíniú agus conas is eol dóibh go bhfuil an fhaisnéis láidir iontaofa agus;<br>- Cinntí eolacha agus machnamhacha a dhéanamh. |
| Conairí | Taithí oibre | Beidh scoláirí ábalta:<br>- Socrúcháin taithí oibre a bhfuil fiúntas leo a roghnú chun léargas a fháil ar réimse gairme a léiríonn a spriocanna gairme amach anseo;<br>- A scileanna, a n-ábhair spéise agus a ndóchas gairme féin a nascadh lena dtaithí oibre agus;<br>- Machnamh a dhéanamh ar luach, ar chuspóir agus ar fhoghlaim ó na socrúcháin taithí oibre. |

| | | |
|---|---|---|
| Conairí | Freastal ar phríomhimeachtaí náisiúnta / idirnáisiúnta | Beidh scoláirí ábalta:<br>- Féilire imeachtaí a aimsiú maidir le cláir agus imeachtaí is díol spéise dóibh, go háitiúil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta maidir le gairmeacha agus conairí;<br>- Imeachtaí ar spéis leo freastal orthu a shainaithint agus an chúis ar roghnaíodh gach imeacht ar leith a mhíniú agus;<br>- Machnamh a dhéanamh ar thaithí ar éagsúlacht imeachtaí gairme (ar scoil nó lasmuigh den scoil). Déanfaidh scoláirí machnamh ar na cainteanna, na cuairteanna agus na himeachtaí éagsúla agus beidh siad ábalta cúrsaí agus conairí a thacóidh lena gcuid smaointe dá ngairm amach anseo a shainaithint. |
| Conairí | Iniúchadh gairme | Beidh scoláirí ábalta<br>- Na róil atá ag poist éagsúla a shainaithint agus na scileanna atá riachtanach dóibh a liostú;<br>- Cur síos a dhéanamh ar an difríocht idir post agus gairm;<br>- Na cáilíochtaí agus na scileanna a theastaíonn le haghaidh róil éagsúla a shainaithint;<br>- Conairí éagsúla chuig róil éagsúla a shainaithint agus;<br>- Plé a dhéanamh ar thaithí oibre agus a bheith ábalta samplaí agus cúiseanna a thabhairt gur féidir le taithí oibre a bheith úsáideach i dtaca le hiniúchadh gairme. |
| Conairí | An Creat Náisiúnta Cáilíochtaí | Beidh scoláirí ábalta:<br>- Cad é an Creat Náisiúnta cáilíochtaí a mhíniú maidir lena leibhéal reatha agus a roghanna don todhchaí;<br>- A aithint go bhfuil mórán conairí ann chuig cáilíochtaí agus chuig fostaíocht agus;<br>- Treochlár dóibh féin a shainaithint ina mbeidh príomhbhealach agus bealaí malartacha eile san áireamh. |

| | | |
|---|---|---|
| Conairí | Saol na hoibre | Beidh scoláirí ábalta:<br>- Míniú a thabhairt ar conas teacht ar fhaisnéis faoi shaol na hoibre agus cá háit ar féidir teacht uirthi;<br>- Cur síos a dhéanamh ar chuid de na roghanna éagsúla atá ar fáil maidir le 'saol na hoibre';<br>- Cur síos a dhéanamh ar na buntáistí a bhaineann le tabhairt faoi dheiseanna laistigh de shaol na hoibre mar chonair agus;<br>- Machnamh a dhéanamh ar cé acu an bhféadfadh saol na hoibre a bheith mar rogha dóibh. |
| Forbairt Gairme | Cearta agus freagrachtaí fostaíochta | Beidh scoláirí ábalta:<br>- Cuid de chearta agus de fhreagrachtaí an fhostaí a liostú;<br>- Cuid de chearta agus de fhreagrachtaí an fhostóra a liostú;<br>- A bheith eolach ar an áit ar féidir rochtain a fháil ar reachtaíocht um chearta fostaíochta agus:<br>- Cur síos a dhéanamh ar fheidhmeanna an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre agus na Cúirte Oibreachais |
| Forbairt Gairme | Uirlisi bainistíochta gairme | Beidh scoláirí ábalta:<br>- Plé a dhéanamh ar an mbealach a bhféadfaidís a ngairm a bhainistiú, faoi láthair agus mar phróiseas leanúnach;<br>- Cineál athraitheach shaol na hoibre a mhíniú agus conas is féidir leo iad féin a oiriúnú chun dul i ngleic leis an athrú sin sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma;<br>- Míniú a thabhairt ar an tábhacht a bhaineann le foghlaim ar feadh an tsaoil i gcomhthéacs gairmeacha agus forbairt phearsanta amach anseo agus:<br>- Na tacaíochtaí atá ar fáil a phlé. |

| | | |
|---|---|---|
| Forbairt oideachais<br><br>Forbairt gairme | Ullmhú d'agallamh | Beidh scoláirí ábalta:<br>- Tuiscint a fháil ar an mbealach chun freagairt d'iarratais ar fhógraí poist;<br>- An cuspóir atá le hagallaimh a shainmhíniú;<br>- Míniú a thabhairt ar conas is féidir leo ullmhú d'agallamh;<br>- Míniú a thabhairt ar conas is féidir leo cleachtadh a dhéanamh d'agallamh agus;<br>- Scileanna / teicnící cumarsáide briathartha agus neamhbhriathartha cuí a shainaithint le haghaidh agallaimh (e.g., teagmháil súl, luas briathartha etc.). |
| Conairí | Printíseachtaí | Beidh scoláirí ábalta:<br>- Cur síos a dhéanamh ar chuid de na 'cineálacha' éagsúla printíseachta e.g.: ceardaíocht thraidisiúnta / seirbhísí airgeadais etc.;<br>- Cur síos a dhéanamh ar na buntáistí a bhaineann le printíseacht a dhéanamh;<br>- Míniú a thabhairt ar conas teacht ar fhaisnéis faoi phrintíseachtaí agus cá háit ar féidir teacht uirthi;<br>- Machnamh a dhéanamh ar cé acu an bhféadfadh printíseacht a bheith mar rogha dóibh. |
| Conairí | Fiontraíocht agus nuálaíocht | Beidh scoláirí ábalta:<br>- Cad is 'fiontraíocht' ann a mhíniú;<br>- Na scileanna agus na hinniúlachtaí atá tábhachtach don fhiontraíocht a phlé;<br>- Machnamh a dhéanamh ar thábhacht na cruthaitheachta, na nuálaíochta agus na fiontraíochta i dtaca le riachtanas eacnamaíoch agus sochaíoch<br>- Cur síos a dhéanamh ar na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le fiontraíocht agus;<br>- Sampla a thabhairt d'fhiontraí agus/nó de nuálaíocht a sholáthraíonn seirbhís áitiúil/náisiúnta do phobal áitiúil/náisiúnta. |

| | | |
|---|---|---|
| Conairí | Breisoideachas agus Oiliúint (FET) | Beidh scoláirí ábalta:<br>- Míniú a thabhairt ar conas is féidir teacht ar fhaisnéis faoi FET agus cá háit ar féidir teacht uirthi;<br>- Cur síos a dhéanamh ar chuid de na roghanna éagsúla atá ar fáil maidir le FET;<br>- Cur síos a dhéanamh ar na buntáistí a bhaineann le tabhairt faoi FET mar chonair agus;<br>- Machnamh a dhéanamh ar cé acu an bhféadfadh FET a bheith mar rogha dóibh. |
| Conairí | An tArd-Oideachas(AO) | Beidh scoláirí ábalta:<br>- Míniú a thabhairt ar conas teacht ar fhaisnéis faoin AO;<br>- Cur síos a dhéanamh ar chuid de na roghanna éagsúla atá ar fáil maidir le AO;<br>- Cur síos a dhéanamh ar na buntáistí a bhaineann le tabhairt faoin AO mar chonair agus;<br>- Machnamh a dhéanamh ar cé acu an bhféadfadh AO a bheith mar rogha dóibh. |
| Conairí | Céimeanna Treasacha Náisiúnta | Beidh scoláirí ábalta:<br>- Míniú a thabhairt ar conas teacht ar fhaisnéis faoi chéimeanna treasacha agus cá háit ar féidir teacht uirthi;<br>- Cur síos a dhéanamh ar chuid de na conairí treasacha éagsúla atá ar fáil;<br>- Cur síos a dhéanamh ar na buntáistí a bhaineann le tabhairt faoi chéim threasach mar chonair agus;<br>- Machnamh a dhéanamh ar cé acu an bhféadfadh céim threasach a bheith mar rogha dóibh. |

| | | |
|---|---|---|
| Conairí | Córais iarratais | Beidh scoláirí ábalta:<br>- Cur síos a dhéanamh ar na córais iarratais go náisiúnta (e.g. CAO, HEAR, DARE, Oifigí áitiúla BOO, Fostóirí) agus go hidirnáisiúnta (e.g. UCAS);<br>- Na príomhchórais iarratais agus na córais éagsúla iarratais a nascleanúint;<br>- Foinsí tacaíochta a shainaithint chun na córais iarratais a nascleanúint agus;<br>- A ról/bhfreagracht maidir le hiarratas a dhéanamh chuig gach córas a mhíniú. |
| Conairí | Iniúchadh trí ‘bhriseadh bliana’ | Beidh scoláirí ábalta:<br>- Cur síos a dhéanamh ar cad is briseadh bliana ann;<br>- Cur síos a dhéanamh ar na cúiseanna a roghnódh duine tabhairt faoi bhriseadh bliana;<br>- Plé a dhéanamh ar na roghanna/gníomhaíochtaí a bhféadfaidh daoine aonair tabhairt fúthu má ghlacann siad briseadh bliana;<br>- Cur síos a dhéanamh ar na buntáistí a bhaineann le briseadh bliana a ghlacadh agus na dúshláin a d’fhéadfadh a bheith ann agus;<br>- Samplaí a thabhairt de na háiteanna ina bhféadfaidh siad rochtain a fháil ar thacaíocht treorach dá roghanna amach anseo, le linn nó ag deireadh an bhriste bliana. |
| Conairí | Iniúchadh agus pleanáil | Beidh scoláirí ábalta:<br>- Machnamh a dhéanamh ar a riachtanais aonair agus cur síos a dhéanamh ar roghanna breise is gá dóibh a dhéanamh maidir leis an gconair a roghnaíonn siad e.g. buiséadú agus lóistín, agus;<br>- Na príomhfhoinsí tacaíochta maidir leis na roghanna breise seo a nascleanúint e.g. deontas SUSI, scoláireachtaí, soláthraithe tacaíochta cóiríochta. |

| | | |
|---|---|---|
| Conairí | Cothromas agus inrochtaineacht | Beidh scoláirí ábalta:<br>- Breac-chuntas a thabhairt ar na tacaíochtaí atá ar fáil dóibh siúd a bhí imeallaithe go hiondúil (e.g. iad siúd atá faoi mhíchumas);<br>- Cuntas a thabhairt ar chothromas agus inrochtaineacht laistigh den chóras oideachais (lena n-áirítear oideachas iar-bhunscoile, FET, printíseachtaí) agus;<br>- Cuntas a thabhairt ar chothromas agus inrochtaineacht laistigh de shaol na hoibre (e.g. laistigh den earnáil phoiblí) agus aird a dhíriú ar áiteanna ina bhfuil dúshláin go fóill maidir leis sin. |
| Féinfhorbairt<br><br>Forbairt oideachais<br><br>Forbairt gairme | Ról na Teicneolaíochta Faisnéise (TF) | Beidh scoláirí ábalta:<br>- Cur síos a dhéanamh ar ról TF maidir le hiniúchadh gairme;<br>- Cur síos a dhéanamh ar ról TF maidir le saol na hoibre agus conas atá tionchar aige sin ar phoist agus ar scileanna;<br>- Roinnt buntáistí agus roinnt míbhuntáistí a bhaineann le teacht chun cinn TF maidir le hiniúchadh gairme agus saol na hoibre a liostú;<br>- Breac-chuntas a thabhairt ar phrionsabail na hiompraíochta eiticiúla maidir le TF (e.g. úsáid IS). |
| Forbairt gairme | Dearcadh, tuiscint agus claontacht | Beidh scoláirí ábalta:<br>- Feasacht a fhorbairt ar smaointe réamhcheaptha maidir le gairmeacha éagsúla;<br>- Tionchar an teaghlaigh ar roghanna oideachais agus gairme an duine aonair a phlé;<br>- Tionchar an chultúir ar roghanna oideachais agus gairme an duine aonair a phlé agus;<br>- Claontacht thraidisiúnta inscne a phlé agus an nasc le conairí gairme agus roghanna gairme. |

| | | |
|---|---|---|
| Féinfhorbairt<br><br>Forbairt oideachais<br><br>Forbairt gairme | Treoir ghlas | Beidh scoláirí ábalta:<br>- Gairmeacha a thacaíonn le forbairt inbhuanaithe a shainaithint agus;<br>- Plé a dhéanamh ar thionchair thimpeallachta na hoibre comhaimseartha agus feasacht agus imní a léiriú maidir le conas inbhuanaitheacht a chomhtháthú sa todhchaí. |
| Féinfhorbairt<br><br>Forbairt oideachais<br><br>Forbairt gairme | Deiseanna trí Ghaeilge | Beidh scoláirí ábalta:<br>- Cur síos a dhéanamh ar an réimse deiseanna le Gaeilge / trí Ghaeilge in Éirinn agus thar lear, lena n-áirítear deiseanna fostaíochta, printíseachtaí, ardoideachas etc. agus;<br>- Míniú a thabhairt ar cá háit le teacht ar fhaisnéis i dtaca le deiseanna dóibh siúd a leanann gairm a bhaineann leis an<br>an nGaeilge e.g. scoláireachtaí, sparánachtaí, scéimeanna lóistín tríú leibhéal. |

## 3.2 rannpháirtíocht atá oiriúnach don aois agus don chéim le heispéireas an scoláire

Sa tábla thuas, tugtar breac-chuntas ar na téamaí, na topaicí agus na heispéiris a thiocfaidh roimh scoláirí le linn a dturais iar-bhunscoile. Tarlóidh gníomhaíochtaí treorach in ord forbarthach, a d’fhéadfadh a bheith éagsúil de réir riachtanais foghlama an duine aonair agus de réir phlean treorach na scoile, etc. Mar sin, d’fhéadfadh scoláirí na cuspóirí foghlama a leagtar amach a bhaint amach ag céimeanna éagsúla forbartha. Mar sin féin, tá an-bhuntáiste ag baint le luath-idirghabhálacha treorach do gach scoláire, go háirithe dóibh siúd atá faoi mhíchumas agus dóibh siúd atá ar an imeall.

In ainneoin na solúbthachta seo maidir le cathain agus conas is féidir eispéireas an scoláire a bhaint amach, is féidir na heispéiris ghinearálta seo a leanas a chur i bhfeidhm ar fhoghlaim treorach an scoláire, ag teacht lena c(h)lár iar-bhunscoile:

## 3.3 Torthaí foghlama do scoláirí na Sraithe Sóisearaí

Ar chríochnú na Sraithe Sóisearaí, táthar ag súil go mbeidh gach scoláire ábalta:

- cur síos a dhéanamh ar a n-aistriú chuig an iar-bhunscoil agus machnamh a dhéanamh ar aistriú a bhainistiú sa todhchaí (e.g. buntáistí an aistrithe / na dúshláin agus conas teacht ar thacaíocht agus cá háit a dtiocfar uirthi);
- na cinntí oideachasúla atá déanta acu go dtí seo a iniúchadh maidir lena n-ábhair spéise pearsanta / luachanna / gnóthachtálacha / láidreachtaí / dúshláin etc.;
- spriocanna gearrthéarmacha agus meántéarmacha a leagan síos agus tosca a liostú a mbíonn tionchar dearfach acu ar a n-inspreagadh;
- scrúdú a dhéanamh ar na roghanna atá ar fáil dóibh ar chríochnú na Sraithe Sóisearaí dóibh agus conair / clár Ardteistiméireachta ar mian leo é a roghnú a shainaithint;
- na critéir a bhaineann le rogha oideachais eolach a shainaithint;
- roinnt conairí gairme a d'fhéadfadh a bheith suimiúil dóibh a shainaithint agus;
- cur síos a dhéanamh ar conas teacht ar thacaíocht maidir le saincheisteanna oideachais, gairme, treoir shóisialta agus phearsanta.

Ba cheart breathnú freisin ar théamaí agus ar thopaicí eile a thabhairt isteach agus a bhreithniú go luath, amhail scileanna don ionad oibre, gairmeacha digiteacha agus glasa, fiontraíocht agus eiseamláirí a shainaithint.  Chuirfeadh sé sin buntáistí iomadúla ar fáil do scoláirí amhail aghaidh a thabhairt ar steiréitíopaí a bhaineann le gairmeacha áirithe.

**Socrú amchláir don fhoghlaim a bhaineann le treoir:**

Is iondúil go bhfuil dhá bhealach a ndéantar foghlaim a bhaineann le treoir sa seomra ranga a chur san áireamh ar thráthchlár scoile sa tSraith Shóisearach:

1) **Uaireanta folláine:** meabhraítear do scoileanna, ó Mheán Fómhair 2022 ar aghaidh, i gcás scoláirí atá ag teacht isteach sa chéad bhliain, go bhfuil ceanglas ann 400 uair an chloig Folláine ar a laghad a sholáthar thar thrí bliana na Sraithe Sóisearaí.  As an 400 uair seo, tá 335 uair an chloig ag teastáil chun Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS), Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil (OSSP) agus Corpoideachas (CO) a sholáthar thar thrí bliana na Sraithe Sóisearaí Féadfar an fuílleach de 65 uair an chloig a thabhairt d’ábhar eile a bhaineann le folláine, lena n-áirítear foghlaim a bhaineann le treoir.  (Tabhair do d’aire: is féidir le scoileanna réimsí eile a chur san áireamh ina soláthar don fholláine, mar a shonraítear i gcuid 2.6 de Chiorclán 0028/2023) agus;

2) **Réimsí eile foghlama:** is féidir foghlaim a bhaineann treoir sa seomra ranga a chur ar fáil do scoláirí freisin lasmuigh de sholáthar na Folláine.

Faoi láthair, níl aon leithdháileadh uasta ná íosta uaireanta do sholáthar treorach sa tSraith Shóisearach. Agus iad ag pleanáil don treoir sa tSraith Shóisearach, ní féidir le scoileanna uaireanta a sholáthraítear don fhoghlaim a tharlaíonn i réimsí eile den churaclam a 'chomhaireamh faoi dhó'. Mar shampla, tá a shonraíocht ábhair féin ag OSPS don tSraith Shóisearach. Mar sin, má tá rang a bhaineann le treoir á theagasc, ní féidir é a áireamh mar cheacht OSPS freisin agus a mhalairt.

## 3.4 Torthaí foghlama do scoláirí na hIdirbhliana

Ar chríochnú na hidirbhliana (roghnach) dóibh, chomh maith le heispéiris scoláirí a sainaithníodh tar éis dóibh an tSraith Shóisearach a chríochnú, beidh na scoláirí ábalta:

- machnamh a dhéanamh ar na tosca as a dtiocfaidh eispéireas socrúcháin oibre atá éifeachtach, taitneamhach agus fiúntach agus na gnéithe a theastaíonn chun na socrúcháin sin a bhaint amach (e.g. CV a chruthú, líonrú, iarratas agus agallamh);
- na conairí, na cláir agus na hábhair atá ar fáil dóibh tar éis na hidirbhliana a scrúdú, agus rogha a dhéanamh bunaithe ar chinnteoireacht eolach agus ar mhachnamh ar a n-ábhair spéise pearsanta féin, a luachanna, a spriocanna, a ngnóthachtálacha, a láidreachtaí, a ndúshláin etc.;
- earnálacha gairme a shainaithint ar mhaith leo iad a bhreithniú nó a fhiosrú tuilleadh i dtaca lena gcuid spriocanna gairme féin agus;
- samplaí a sholáthar de na háiteanna ar féidir leo faisnéis treorach iontaofa agus chruinn a fháil.

## 3.5 Torthaí foghlama do scoláirí an cúgiú agus an séú bliain

Nuair a bheidh an tSraith Shinsearach críochnaithe, chomh maith le heispéiris scoláirí a sainaithníodh tar éis dóibh an tSraith Shóisearach agus an idirbhliain (roghnach) a chríochnú, beidh taithí faighte ag scoláirí ar chlár TSU a ligfidh dóibh idirghníomhú leis na cuspóirí foghlama go léir, mar a léiríodh iad.

## 3.6 Scileanna bainistíochta gairme, rannpháirtíocht fostóirí agus conairí

Mar a leagtar amach sa Chreat Straitéiseach Náisiúnta um Threoir ar Feadh an tSaoil (2024-2030), spreagfaidh an bhéim a leagtar ar scileanna bainistíochta gairme agus ar shoghluaisteacht ghairme ar feadh an tsaoil an teanga d'fhorbairt scileanna agus an mothú i measc scoláirí go bhfuil cumas gníomhaithe agus cumhacht acu agus iad ag gabháil dá n-oideachas iar-bhunscoile.

Tá mórán deiseanna laistigh de na cláir fhoirmiúla, seach-churaclaim agus chomhchuraclaim trína bhféadfadh scoláirí iar-bhunscoile dul i mbun plé le fostóirí. Féadfaidh nochtadh do shaol na hoibre agus machnamh ar an bhfoghlaim an fhoghlaim ó thaithí agus roghanna eolacha oideachais agus gairme a uasmhéadú agus is féidir iad a thionscnamh agus a fhorbairt mar chuid de TSU. Ina theannta sin, d'fhéadfaí cothroime mheasa d'éagsúlacht agus d'infhaighteacht leathnaithe na gconairí i ndiaidh an oideachas iar-bhunscoile a thabhairt isteach go luath in eispéireas scoláirí maidir leis an tSraith Shóisearach.

Soláthraíonn Ciorclán 0009/2023 treoirlínte do scoileanna maidir le conas is féidir treoir phearsanta, shóisialta, oideachais agus ghairme a chuimsiú sa chlár foghlama ag an tSraith Shóisearach. Tá cláir na hIdirbhliana á n-athbhreithniú faoi láthair ag teacht le hathfhorbairt na Sraithe Sinsearaí. Ag teacht leis an athbhreithniú sin, ba chóir go ndéanfadh plean TSU scoile na gnéithe ábhartha de Ráiteas Cláir na hIdirbhliana a chomhtháthú. San áireamh ansin, tá an ghné um 'iniúchadh gairme' ach níl sé teoranta dó sin, ar gné í ar cheart d'fhoirne TSU athbhreithniú a dhéanamh uirthi agus í a chomhtháthú i bpleananna agus i gcláir TSU in am don ghníomhachtú, ag tosú i mbliain acadúil 2025-26.

# Cuid 4: plean agus clár TSU a fheidhmiú

## 4.1 Réamhrá

I gCuid 3 soláthraítear eolas soiléir faoi ionchais na dtopaicí a bhaineann le treoir agus buntáistí soiléire do scoláirí ionas go mbeidh na páirtithe leasmhara go léir soiléir faoi na príomhghnéithe a bhaineann le clár treorach scoile uile a sholáthar in iar-bhunscoileanna in Éirinn.

Mar atá léirithe, tionólann gach scoil foireann TSU atá freagrach as dearadh agus feidhmiú an phlean TSU agus an chláir TSU. Is faoi rogha Fhoireann Treorach na Scoile Uile i ngach scoil conas a chuirtear an plean agus an clár treorach scoile uile, chomh maith leis na gníomhaíochtaí agus na heispéiris foghlama ar fáil do scoláirí.

Mar atá léirithe, tá sé ríthábhachtach nach iad na treoirchomhairleoirí amháin atá freagrach as feidhmiú an chláir TSU.

## 4.2 Rochtain ar TSU

Is faoi rogha gach scoile conas agus cathain a dhéantar na téamaí agus na topaicí atá leagtha amach sa chlár TSU a theagasc do scoláirí/a thabhairt mar eispéireas do scoláirí. Mar sin féin, ba chóir contanam de thacaíocht treorach a chur ar fáil do scoláirí i bpobal na scoile mar a phléitear thuas.

Ba cheart go mbeadh cothromas rochtana ag gach scoláire ar ghníomhaíochtaí TSU. Baineann an contanam le gach scoláire, agus beidh riachtanais éagsúla ag scoláirí éagsúla ag céimeanna éagsúla den turas iar-bhunscoile. Ag an am céanna, d'fhéadfadh sé go mbeidís siúd atá faoi mhíchumas, iad siúd a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, inimircigh, scoláirí de chuid an Lucht Siúil agus na Romach an-leochaileach maidir le rochtain agus rannpháirtíocht le deiseanna TSU.

Is príomhchuspóir de chuid chóras oideachais comhaimseartha na hÉireann é an t-oideachas cuimsitheach. Tá eolas breise agus tuilleadh faisnéise ar ghealltanais an rialtais chun oideachas cuimsitheach a chinntiú ar fáil anseo.

Cuireann cur chuige cuimsitheach i leith na treorach béim ar thacaíocht treorach a shaincheapadh chun freastal ar riachtanais éagsúla na scoláirí, lena n-áirítear iad siúd atá faoi mhíchumas, a bhfuil difríochtaí foghlama acu agus iad siúd ó phobail faoi ghannionadaíocht agus ó phobail nua. Breithneoidh pleanáil agus cleachtas cuimsitheach treorach na riachtanais éagsúla atá ag scoláirí ar leith laistigh de phobal na scoile uile agus, ag cur na riachtanas sin san áireamh, soláthrófar clár gníomhaíochtaí atá inrochtana, i.e. fáilteach agus freagrúil do riachtanais gach duine.

Mar sin féin, téann treoir chuimsitheach níos faide ná riachtanais éagsúla na scoláirí agus na dtuismitheoirí/gcaomhnóirí a shainaithint. Go minic, baineann treoir chuimsitheach le hionchais a ardú, ag tabhairt dúshláin do noirm chultúrtha, ag athchóiriú tuairimí seanbhunaithe agus ag cothú deiseanna do dhaoine aonair ionas gur féidir le daoine aonair dul chun cinn thar shíleáil ghloine deiseanna ar bith a cheaptar a bheith ann. Mar shampla, ní chríochnaíonn ach 31.4% de scoláirí ón Lucht Siúil an Ardteistiméireacht, i gcomparáid le 91.7% den chohórt iomlán (RO, 2023). Maidir le haistriú ón iar-bhunoideachas go dtí an t-ardoideachas, taifeadadh ráta aistrithe foriomlán de 63% in 2020, i gcomparáid le ráta aistrithe de 42% de scoláirí faoi mhíbhuntáiste sa bhliain chéanna (ÚAO, 2022).

Is féidir le tacaíocht TSU, agus rochtain ar fhaisnéis treorach, le linn turas scoláire tríd an iar-bhunscoil, laghdú a dhéanamh ar na difríochtaí ollmhóra staitistiúla atá chomh soiléir sin ar fud an taighde oideachais. Ba chóir go mbeadh rochtain ag gach scoláire ar thacaíocht treorach neamhchlaonta. Tá idirghabháil luath fíor-riachtanach. In 2019, áfach, thuairiscigh Indecon, cé go dtugann an dea-chleachtas le fios go bhfuil fiúntas ag baint le hidirghabháil luath, i gcás mórán scoláirí dealraíonn sé go gcuirtear faisnéis ghairme ar fáil den chéad uair san idirbhliain nó sa chúigiú bliain (Indecon, 2019). D'iarr Aontas na Mac Léinn in Éirinn go gcuirfí fócas ar leith ar an luath-idirghabháil i bhfeidhm, agus gur cheart bearta a chur in oiriúint do scoláirí i bhfad roimh an Teastas Sóisearach (ibid).

Déanfar machnamh ar chultúr, ionchas agus an tábhacht a bhaineann le hidirghabháil luath sna cás-staidéir in aguisín.

Agus clár bliantúil TSU á phleanáil, ceist ríthábhachtach is ea rochtain scoláirí ar threoirchomhairleoirí. Meastar gurb é an cur chuige uainíochta nó modúlach maidir le treoir ranga a chur ar an tráthchlár, nuair is féidir, an úsáid is éifeachtaí de shainscileanna an treoirchomhairleora agus daoine eile atá ag teagasc na foghlama a bhaineann le treoir. Ar an mbealach sin, bainfidh na bliainghrúpaí go léir leas as ranganna treorach ag pointí tábhachtacha a bhaineann lena n-aois agus lena gcéim, i rith na bliana acadúla. Rachaidh an treoirchomhairleoir i dteagmháil freisin le scoláirí i ngrúpaí agus trí chruinnithe duine-le-duine, chomh maith le baill eile den fhoireann teagaisc lena n-áirítear cinn bhliana, séiplínigh, comhordaitheoirí taithí oibre, comhordaitheoirí Teagmhála Baile, Scoile agus an Phobail agus daoine eile.

Cinnteoidh clár treorach a dearadh go huilíoch go mbeidh gach scoláire (agus a dtuismitheoirí) ag fáil roinnt deiseanna foghlama lena n-áirítear treoir ranga, treoir ghrúpa agus tacaíocht duine le duine ach gan a bheith teoranta dóibh sin.

## 4.3 Measúnú

Tá ról ríthábhachtach ag measúnú sa teagasc agus san fhoghlaim in iar-bhunscoileanna. Feidhmíonn measúnú mar uirlis fhoirmitheach do scoláirí, ag cur lena gcuid foghlama agus ag ligean dóibh machnamh a dhéanamh ar a bhfuil foghlamtha acu agus ar na réimsí a bhféadfadh sé gur gá dóibh díriú isteach níos mó orthu. Ina theannta sin, tugann measúnú deis freisin dóibh siúd atá ag cur an chláir TSU i bhfeidhm, a thuiscint ar baineadh amach na buntáistí do scoláirí agus cad iad na réimsí ar gá aird bhreise a thabhairt orthu. Is cuid lárnach den chlár TSU é measúnú mar go gcuireann sé le heispéireas foghlama na scoláirí.

Déantar measúnú sa treoir a thaifeadadh go foirmiúil trí Ghairmchlár na hArdteistiméireachta, tríd an Ardteistiméireacht Fheidhmeach agus trí Ráiteas an Chláir Idirbhliana. Is féidir foghlaim a bhaineann le treoir a thaifeadadh freisin ar Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí. Tá na roghanna pearsanta, sóisialta, oideachais agus gairme a dhéanfaidh scoláirí ar feadh a dturais oideachais agus gairme ríthábhachtach agus d'fhéadfadh tábhacht ar feadh an tsaoil a bheith acu don scoláire.

Cuid riachtanach den chlár TSU is ea an measúnú. Cuirfidh sé sin buntáistí iomadúla ar fáil do scoláirí agus do thuismitheoirí. Ina theannta sin, soláthróidh sé fianaise ar fhoghlaim laistigh de chomhthéacs na scoile.

Chun tacú leis an scoláire cinntí eolacha agus machnamhacha a dhéanamh a bhaineann le treoir ar feadh an tsaoil, tá gá le banc foghlama machnamhaí thar thréimhse ama mar chur chuige éifeachtach do scoláirí agus dá dtuismitheoirí/gcaomhnóirí. Cuidíonn uirlisí ar nós punanna, ríomhphunanna, cláir físe, dialanna, etc. le scoláirí chun teagmháil rialta a dhéanamh leis an gcoincheap díobh féin agus machnamh a dhéanamh air sin agus ar a n-eispéiris. Soláthraíonn na huirlisí sin bonn fianaise ar fhoghlaim ar féidir le scoláirí agus tuismitheoirí/caomhnóirí tagairt a dhéanamh dóibh agus machnamh a dhéanamh orthu de réir mar is gá. Féadfaidh foireann scoile, lena n-áirítear an treoirchomhairleoir, tagairt a dhéanamh do na huirlisí sin freisin chun tacú le scoláirí ag pointí brú áirithe nó nuair is gá cinntí oideachais agus gairme a dhéanamh.

Is faoi rogha gach scoile atá an cur chuige a ghlactar i leith an mheasúnaithe sa treoir. Is minic a úsáideann scoileanna modhanna cruthaitheacha iomadúla agus éagsúla chun measúnú a dhéanamh ar fhoghlaim agus ar eispéiris na scoláirí a bhfuil breac-chuntas orthu san fhoilseachán seo chun turas foghlama an scoláire a léiriú. Moltar go n-úsáidfeadh scoileanna léargas fadtréimhseach ar na cleachtaí machnamhacha go léir a dhéanann scoláirí agus go n-áireofaí cleachtaí rialta machnaimh le linn thuras an scoláire tríd an iar-bhunscoil. Má chuirtear treoir san áireamh ar an gcárta tuairisce feabhsófar na naisc idir na tuismitheoirí agus an fhoireann treorach, agus bainfidh na scoláirí toradh níos fearr amach dá bharr. Ba chóir bealaí measúnaithe ar eispéiris scoláirí a bhfuil breac-chuntas orthu sa chlár a leagan amach go soiléir i bplean TSU gach scoile.

## 4.4 Tuismitheoirí/caomhnóirí

Tá ról ríthábhachtach ag tuismitheoirí i dtacú le foghlaim a linbh agus i dtaca le cinnteoireacht oideachais agus gairme a linbh.

Tá sé tábhachtach go dtugtar tacaíocht do thuismitheoirí maidir le rochtain ar fhaisnéis a bhaineann le treoir. Is féidir le naisc láidre idir scoileanna agus tuismitheoirí gach gné den chlár TSU a fheabhsú. Mar shampla:

- Is féidir foghlaim a bhaineann le treoir a threisiú do scoláirí sa bhaile agus ar scoil;
- D'fhéadfadh tuismitheoirí a gcuid scileanna agus a gcuid ama a chur ar fáil agus a bheith mar acmhainn nó mar shócmhainn do ghníomhaíochtaí áirithe atá léirithe i gclár TSU (e.g. seachtain gairmeacha agus agallaimh bhréige) agus;
- Is féidir bonn eolais a chur faoi ionchais na dtuismitheoirí agus iad a leathnú ar mhaithe le leas na scoláirí, e.g. is féidir an tsíleáil ghloine chultúir do scoláirí áirithe a ardú agus bealaí eile, lasmuigh de na noirm thraidisiúnta, a chur chun cinn i measc tuismitheoirí.

Is modh éifeachtach é an plean TSU chun an clár TSU agus faisnéis thábhachtach eile a bhaineann le treoir a chur in iúl, do na páirtithe leasmhara go léir lena n-áirítear tuismitheoirí.

## 4.5 Infheictheacht agus rochtain ar TSU do ‘chách, do roinnt agus do bheagán’

De bhreis ar threoir a sholáthar feadh contanaim, mar a léirítear thuas, is féidir difríocht shuntasach a dhéanamh do phobail scoile má chinntítear infheictheacht agus infhaighteacht tacaíochtaí TSU laistigh de scoil agus sa phobal áitiúil i gcoitinne. Tá sé tábhachtach go mbeadh gach scoláire agus tuismitheoir/caomhnóir ar an eolas faoi gach seirbhís tacaíochta ina scoil (lena n-áirítear tacaíochtaí treorach agus tacaíochtaí do scoláirí, ach gan a bheith teoranta dóibh sin) agus conas rochtain a fháil ar na seirbhísí sin. Chun roinnt samplaí a sholáthar, d’fhéadfadh na ceisteanna thíos tacú le scoileanna ina gcuid smaointeoireachta maidir le hinrochtaineacht TSU do phobail scoile:

- an bhfuil scoláirí agus tuismitheoirí/caomhnóirí ar an eolas faoi na próisis agus nósanna imeachta áitiúla maidir le teacht ar thacaíocht ó bhaill foirne amhail an treoirchomhairleoir, cinn bhliana, teagascóirí, comhordaitheoirí clár, ceannairí scoile, an fhoireann treorach, an fhoireann tacaíochta do scoláirí etc.?

- An bhfuil bealaí éagsúla ann inar féidir le scoláire rochtain a fháil ar thacaíocht agus a bheith rannpháirteach inti más gá, mar shampla duine le duine, trí ríomhphost scoile, trí chruinnithe rialta le ball den fhoireann oideachais speisialta, tríd an bhfoireann tacaíochta do scoláirí nó tríd an bhfoireann treorach, de réir mar is cuí etc.?
- An bhfuil bealaí éagsúla ann inar féidir le tuismitheoir/caomhnóir rochtain a fháil ar thacaíocht agus a bheith rannpháirteach inti más gá, mar shampla, cumarsáid rialta le múinteoirí, oícheanta tuismitheoirí, cruinnithe tuismitheoirí-múinteoirí, etc.?
- Cathain a bhíonn fáil ag scoláirí ar ranganna treorach ar linn a dturais iar-bhunscoile? An bhfuil na ranganna sin ar fáil ag céimeanna tábhachtacha? Conas a thacaítear le riachtanais na scoláirí uile, feadh an chontanaim, sna ranganna sin?
- An bhfuil fáil ag scoláirí agus ag tuismitheoirí/caomhnóirí ar an bplean TSU? Ina dhiaidh sin, an bhfuil scoláirí agus tuismitheoirí/caomhnóirí ar an eolas faoi thacaíochtaí TSU atá deartha do gach scoláire?
- An dtugann an plean TSU aghaidh ar na nithe thuas go léir agus an bhfuil an plean ar fáil do scoláirí agus do thuismitheoirí agus an bhfuil fáil acu air? Chabhródh bonn fianaise bunaithe ar shonraí de dhearcadh an scoláire agus na dtuismitheoirí/gcaomhnóirí maidir leis na pointí thuas le hinfheictheacht agus inrochtaineacht tacaíochtaí.

## 4.6 Naisc le Folláine agus le hOideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS)

Tá naisc shoiléire ag an gclár TSU le hábhair Folláine agus OSPS i scoileanna.

Tá treoirlínte Folláine na Sraithe Sóisearaí ar fáil anseo. Is ábhar í an treoir ar féidir í a theagasc faoi bhratach na Folláine agus is féidir uaireanta a chaitear ar fhoghlaim a bhaineann le treoir a chomhaireamh nó a chomhtháthú in uaireanta Folláine.

Cuimsíonn an treoir trí réimse ar leith agus idirnasctha de threoir oideachais, gairmthreoir agus treoir phearsanta/shóisialta. Cé go bhfuil treoir agus OSPS sainiúil, tá siad, de réir sainmhínithe, comhlántach lena chéile agus cuimsíonn siad eispéiris chomhfhreagracha scoláirí. Tá sonraíocht OSPS na Sraithe Sóisearaí ar fáil anseo. Tá an tsonraíocht don OSPS sa tSraith Shinsearach foilsithe agus tá sí ar fáil anseo. Tá sé tábhachtach go seachnódh scoileanna dúbailt i réimse na forbartha sóisialta agus pearsanta.

## 4.7 Dearadh uilíoch in TSU

Is éard atá i ndearadh uilíoch ná dearadh machnamhach agus cognaíoch seirbhíse ionas gur féidir le gach duine rochtain a fháil uirthi, í a thuiscint agus a úsáid a mhéid agus is féidir, beag beann ar a n-aois, méid, cumas nó míchumas, gan aon ghá le hoiriúnú.

Is éard atá i gceist le prionsabail an dearaidh uilíoch a chur i bhfeidhm ar TSU a chinntiú go gcuirtear rochtain ar thacaíochtaí a bhaineann le treoir ar fáil ar mhórán bealaí éagsúla agus go mbíonn gníomhaíochtaí treorach i scoileanna scoláire-lárnach, éagsúil, solúbtha agus fairsing. Má ghlactar chur chuige um dhearadh uilíoch i leith na treorach, beidh faisnéis agus tacaíocht maidir le treoir inrochtana, fiúntach agus cothrom do dhaltaí agus do thuismitheoirí.

Sampla de dhearadh uilíoch i bpleanáil TSU is ea an chaoi a gcuirtear ról TSU in iúl do scoláirí agus do thuismitheoirí i bpobal na scoile. Féadfaidh an scoil an teachtaireacht sin a chur in iúl trí mhodhanna atá deartha go huilíoch, mar seo a leanas:

- tá leathanach sainithe ag an scoil ar a suíomh Gréasáin dar teideal ‘Treoir Scoile Uile’, ina bhfuil plean TSU, íomhánna de ghníomhaíochtaí a bhaineann le treoir do na bliainghrúpaí ar fad, tráthchlár d’imeachtaí a bhaineann leis an treoir agus teachtaireacht físe gearr ar threoir sa scoil ina ndéanann an fhoireann treorach, an treoirchomhairleoir agus scoláirí cur síos ar an gcur chuige scoile uile i leith na treorach;

- Freastalaíonn ball den fhoireann TSU ar gach tionól bliainghrúpa ag tús gach scoilbhliana chun aird a dhíriú ar na príomhphointí a bhaineann le TSU;

- D'fhéadfadh roinnt imeachtaí pearsanta chun eolas a thabhairt do thuismitheoirí a bheith ar siúl i rith na scoilbhliana, mar shampla, d'fhéadfadh scoileanna oíche oscailte, oíche gairmeacha, oícheanta tuismitheoirí, etc. a eagrú ina bpléitear príomhtheachtaireachtaí maidir le treoir le tuismitheoirí;

- D'fhéadfadh clár fógraí treorach a bheith ag an scoil sa halla isteach mar a gcuirtear eolas, póstaeir, etc. ar taispeáint;

- D'fhéadfadh an scoil ábhar rialta TSU a eagrú i bhfógraí seachtainiúla na scoile. Soláthraíonn roinnt scoileanna na fógraí seo thar chóras idirchum, bíonn tionóil sheachtainiúla rialta ag scoileanna eile agus;

- D'fhéadfadh réimse a bheith i dtuairiscí scoile inar féidir le ball den fhoireann treorach/leis an treoirchomhairleoir aiseolas sainiúil nó pearsanta a sholáthar do scoláire agus dá t(h)uismitheoirí/c(h)aomhnóirí.

Má dhéantar gach deis a thapú chun teanga shoiléir shimplí a úsáid, cinnteofar go mbeidh scoláirí de gach aois agus céim in ann rochtain a fháil ar eolas agus ar thacaíocht maidir le treoir. Cothaítear timpeallacht chuimsitheach ar an mbealach sin.

Déanfar machnamh ar dhearadh uilíoch sna cás-staidéir in Aguisín 1

## 4.8 TSU Éifeachtach

### 4.8.1 TSU Éifeachtach

Cuimsíonn sé sin na trí réimse a bhaineann le forbairt phearsanta agus shóisialta, treoir oideachais agus gairmthreoir, ar réimsí ar leith iad ach a bhfuil nasc eatarthu, agus;

Tagraíonn sé do réimse d'eispéiris foghlama a chuirtear ar fáil trí chur chuige TSU agus a chuidíonn le scoláirí scileanna féinbhainistíochta a fhorbairt as a dtiocfaidh roghanna agus cinntí éifeachtacha faoina saol.

### 4.8.2 Tréithe chlár éifeachtach TSU

Clár éifeachtach de ghníomhaíochtaí nó d'eispéiris foghlama TSU a sholáthraíonn pearsanra uile na scoile le linn na bliana acadúla. Mar a luadh, soláthraíonn clár TSU réimse d'eispéiris foghlama le coinní treorach duine le duine, obair ghrúpa, treoir ranga, aonaid foghlama, gníomhaíochtaí comhchuraclaim agus seach-churaclaim.

San áireamh i samhail éifeachtach TSU in iar-bhunscoileanna tá:

● deiseanna a sholáthar do scoláirí chun dul i ngleic leis na trí ghné den treoir le héagsúlacht gníomhaíochtaí a bhaineann le treoir, a chuirtear ar fáil in ord forbarthach;

● deiseanna a sholáthar do scoláirí chun a bheith rannpháirteach in éagsúlacht gníomhaíochtaí a bhaineann le treoir le linn gach bliana dá gcuid oideachais iar-bhunscoile, ag teacht lena gcéim forbartha;

● gníomhaíochtaí treorach a sholáthar agus feidhm á baint as cur chuige TSU, atá á threorú ag foireann TSU (ina bhfuil sainról agus ról ríthábhachtach ag an treoirchomhairleoir);

● leithdháileadh cuí ama a chur ar fáil do threoirchomhairleoirí chun dul i mbun plé le scoláirí le seisiúin duine le duine, grúpaí, agus treoir ranga;

● inrochtaineacht thar ceann an treoirchomhairleora, chun dul i mbun plé le scoláirí agus feidhm á baint as seisiúin duine le duine, grúpaí agus treoir seomra ranga i.e. tá rochtain ag an treoirchomhairleoir ar scoláirí;

● inrochtaineacht thar ceann scoláirí a bhfuil rochtain acu ar TSU sa seomra ranga, i ngrúpa agus duine le duine;

● rannpháirtíocht bhaill phobal na scoile uile, de réir mar is cuí, ag príomhphointí le linn an fhéilire acadúil chun freastal ar riachtanais treorach na scoláirí e.g. le linn Sheachtain na nGairmeacha, agallaimh bhréige etc. agus gach múinteoir agus roinn ábhar a spreagadh chun deiseanna foghlama TSU a fhorbairt ina n-ábhair agus;

● cothromaíocht, trína mbíonn rochtain ag scoláirí ar thacaíocht i ngach réimse treorach (oideachasúil, gairme, pearsanta agus sóisialta) trí bhealaí éagsúla a sholáthraíonn an treoirchomhairleoir agus pearsanra ábhartha eile (cruinnithe duine le duine, i ngrúpaí agus le teagasc sa seomra ranga)

## 4.1 Tacaíochtaí do na treoirchomhairleoirí agus d'fhoirne TSU

Tasc cuimsitheach atá ag síorathrú is ea freastal ar riachtanais treorach scoláirí agus tuismitheoirí i bpobal scoile ar leith. Níl aon dá bhliainghrúpa sa scoil mar a chéile. Teastaíonn am ó na foirne treorach chun plean TSU atá cothrom agus bunaithe ar riachtanais a dhearadh.

Tá tacaíocht ar fáil do threoirchomhairleoirí agus d'fhoirne treorach mar seo a leanas:

- tá nótaí faisnéise breise a thacaíonn le soláthar pleanála treorach scoile uile ar fáil trí www.gov.ie/guidance agus;

- Is é **Oide** seirbhís tacaíochta RO do scoileanna, a bunaíodh i mí Mheán Fómhair 2023 chun tacú le foghlaim ghairmiúil múinteoirí agus ceannairí scoile in Éirinn, agus chuige sin foghlaim ghairmiúil ardchaighdeáin, nuálaíoch agus fhreagrúil a fhorbairt le cur ar a gcumas freastal ar riachtanais oideachais na bhfoghlaimeoirí go léir i ndomhan atá ag athrú. Éascaíonn foireann Treorach Oide foghlaim ghairmiúil, comhoibriú agus tacaíocht chleachtais bunaithe ar fhianaise do threoirchomhairleoirí, foirne TSU agus ceannairí scoile i ngach gné den treoir in iar-bhunscoileanna. Go sonrach, cuireann Foireann Treorach Oide réimse deiseanna foghlama gairmiúla ar fáil le haghaidh treorach, lena n-áirítear foghlaim ghairmiúil maidir le TSU, cuimsiú, oideolaíocht agus pleanáil clár treorach. Soláthraíonn Oide tacaíocht ionscoile comhthéacsaithe freisin do threoirchomhairleoirí, foirne TSU agus ceannairí scoile;

- Soláthraíonn CareersPortal sraith tacaíochtaí atá deartha go huilíoch agus;

- tá clár tacaíochta gairmiúla, **Maoirseacht do Threoirchomhairleoirí,** ar fáil trí Ionad Oideachais Mhuineacháin. Is féidir le treoirchomhairleoirí oibriú le scoláirí ar réimse leathan saincheisteanna forbartha mar bhall lárnach d'fhoireann tacaíochta na scoláirí. Tá treoirchomhairleoirí oilte chun freagairt go cuí do chásanna feadh contanaim leathain agus chun scoláirí a atreorú chuig seirbhísí agus gníomhaireachtaí tacaíochta eile de réir mar is cuí, go háirithe maidir le beartais um chosaint leanaí. Chun tacú le treoirchomhairleoirí san obair sin, maoiníonn an Roinn Oideachais sraith de chúig sheisiún tacaíochta maoirseachta, do chomhairleoirí treorach gach bliain acadúil. Tá cead ag gach treoirchomhairleoir atá cáilithe go cuí agus atá fostaithe i suíomhanna iar-bhunscoile agus PLC/CFEanna a bheith rannpháirteach ann. Ní mór go mbeadh treoirchomhairleoirí i láthair ag a na cúig sheisiún maoirseachta atá leithdháilte dóibh. Breathnaítear ar mhaoirseacht, tríd an gclár seo atá maoinithe ag an Roinn, mar thacaíocht ghairmiúil riachtanach do threoirchomhairleoirí. Tá buntáistí iomadúla agus ilghnéitheacha ag baint le maoirseacht don treoirchomhairleoir agus freisin do phobal uile na scoile. Déantar na cúig sheisiún maoirseachta bliantúla a sceidealú tamall maith roimh an tráthnóna a mbeidh siad ar siúl. Go hidéalach, ní bheadh treoirchomhairleoirí ar an tráthchlár do ranganna tráthnóna a lá maoirseachta, chun aon dúshlán a bhaineann le freastal ar mhaoirseacht a chosc. Mar sin féin, tá sé ríthábhachtach go scaoilfí saor treoirchomhairleoirí óna scoil ar an tráthnóna ainmnithe chun freastal ar na cúig sheisiún maoirseachta le linn gach bliana acadúla, mar thasc tosaíochta. Measann an Roinn go bhfuil freastal ar na seisiúin dhá uair an chloig sin mar chuid d'uaireanta oibre leithdháilte na dtreoirchomhairleoirí, sna cúig thráthnóna den bhliain a bhfuil siad sceidealaithe chun freastal ar sheisiúin mhaoirseachta. Ag deireadh na bliana acadúla, soláthraítear teastas tinrimh, ina léirítear na dátaí a raibh an treoirchomhairleoir i láthair ag an maoirseacht, do gach duine a bhí i láthair. Ba cheart do phríomhoidí cóip a lorg ón treoirchomhairleoir ag deireadh na bliana acadúla agus í sin a choinneáil mar chuid de thaifid an treoirchomhairleora ábhartha. Ba cheart don treoirchomhairleoir atá ag freastal na teastais sin a choinneáil freisin, mar is féidir iad a iarraidh mar chuid den chigireacht.

## 4.11 An Chigireacht

Úsáideann cigireachtaí treorach contanam cáilíochta chun gnéithe d’obair na scoile a mheas maidir leis an réimse ábhair agus obair na scoile uile sa treoir. Tugann an chigireacht breithiúnas atá bunaithe ar fhianaise agus déanann sí cur síos cruinn ar cháilíocht an tsoláthair scoile nó gnéithe den soláthar sin don treoir chun tacú le forbairt na scoile ar a cuid oibre treorach ag leibhéal an ábhair agus na scoile uile. Léiríonn agus aithníonn an chigireacht comhthéacs uathúil gach scoile agus a cruthaitheacht ina soláthar treorach, ina seachadadh agus ina cleachtas chun tacú le foghlaim scoláirí ar feadh an tsaoil. Aithníonn sí go bhfuil formhór na scoileanna ag céimeanna éagsúla den turas feabhsúcháin scoile, i ngnéithe éagsúla dá soláthar agus mar sin féachann sí le tacaíocht a thabhairt do dhea-chleachtas treorach agus é a roinnt nuair is cuí.

# Aguisín 1: samplaí de ghníomhaíochtaí TSU

Agus an t-eolas thíos á chur san áireamh, tá sé ríthábhachtach alt 9(c) den Acht Oideachais a lua, ina sonraítear go n-úsáidfidh scoil na hacmhainní atá ar fáil di lena chinntiú go bhfuil rochtain ag scoláirí ar threoir chuí chun cabhrú leo ina gcuid roghanna oideachais agus gairme. Mar atá léirithe sa nóta eolais seo, beidh acmhainní éagsúla ar fáil do gach scoil agus beidh riachtanais éagsúla ag na scoláirí i ngach scoil. **Is samplaí iad na táblaí seo de ghníomhaíochtaí TSU. Cuirtear san áireamh iad chun críche léirithe/mínithe agus níl sé i gceist go mbeidís saintreorach.**

Ina theannta sin, mar a léirítear sa nóta faisnéise seo, ba cheart breithniú cúramach a dhéanamh ar phleanáil treorach, ar theorainneacha gairmiúla, ar scileanna agus ar inniúlachtaí na ndaoine a bhfuil baint acu le TSU. Beidh ról suntasach, ríthábhachtach agus speisialaithe ag an treoirchomhairleoir maidir le TSU. Níor cheart, áfach, go gcuirfí ualach róthrom ar aon duine aonair ná ar aon roinn amháin maidir le pleanáil TSU.

## Tábla 1: Sampla de ghníomhaíochtaí TSU atá ar fáil do gach scoláire

| Gníomhaíocht | Á soláthar ag | Treoir do chách/do roinnt/do bheagán |
|---|---|---|
| Seachtain na nGairmeacha lena n-áirítear plean cuimsitheach agus gníomhaíochtaí iomadúla · | • Foireann iomlán na scoile, faoi stiúir na foirne treorach; Féadfaidh scoláirí a bheith páirteach in eagrú agus i dtreorú gnéithe de : | Ar fáil do gach scoláire |
| 'Conairí chuig an todhchaí': oíche gairmeacha | • An fhoireann treorach agus comhairle na dtuismitheoirí | Gach scoláire sinsearach |

| | | |
|---|---|---|
| Nascadh le alumni na scoile mar chuid de 'Sheachtain Scéalaíochta' na scoile · | • Faoi stiúir na foirne treorach;<br>• Gach roinn ábhair i dteagmháil le alumni na scoile | Ar fáil do gach scoláire |
| Cur i láthair ar líne 'TSU sa scoil seo againne' (beo/taifeadta) do scoláirí agus do thuismitheoirí | • Foireann treorach, á treorú ag treoirchomhairleoir | Gach scoláire agus tuismitheoir |
| Nuashonruithe rialta ar shuíomh gréasáin treorach na scoile · | • An fhoireann Treorach | Gach scoláire agus tuismitheoir |
| Póstaeir a bhaineann le gairmeacha a chruthú agus a nuashonrú ar bhallaí an tseomra ranga ag léiriú cad iad na gairmeacha ar féidir teacht orthu trí na hábhair atá á dteagasc sa seomra ranga · | • Gach roinn ábhair | Gach scoláire |

## Tábla 2: samplaí de sholáthar TSU do scoláirí na chéad bhliana ag teacht isteach

| Gníomhaíocht | Á soláthar ag | Treoir do chách/do roinnt/do bheagán |
|---|---|---|
| Cuireadh oscailte do scoláirí agus do thuismitheoirí freastal ar Oíche Oscailte na Scoile i mí Meán Fómhair do rang a cúig agus rang a sé | • Gach ball foirne<br>• Cur i láthair ón bpríomhoide | Cách |
| Measúnú iontrála a éascú | • Treoirchomhairleoir agus roinn RSO, bainistíocht na scoile | Roinnt<br>*(Féach pointe 1 de 0001/2023 chun tuilleadh eolais a fháil)* |
| Cruinniú eolais do scoláirí agus do thuismitheoirí i mí na Bealtaine sula dtagann siad isteach | • Bainistíocht na scoile, ceann bliana, teagascóirí, treoirchomhairleoir(í) agus comhordaitheoir folláine;<br>(cuid díobh sin thuas nó iad go léir, de réir mar atá cuí do gach scoil) | Cách |

| | | |
|---|---|---|
| Turas timpeall na scoile lena chinntiú go bhfuil eolas ag scoláirí atá faoi mhíchumas ar na limistéir go léir agus go bhfuil rochtain acu orthu · | • Ball den fhoireann tacaíochta do scoláirí de réir mar is cuí;<br>• Ceannairí scoláirí, de réir mar is cuí | Roinnt |
| Cruinnithe teaghlaigh le tuismitheoirí nuair a bhíonn cúinsí speisialta i gceist | • Bainistíocht na scoile, treoirchomhairleoir(í), ionadaí RSO, ionadaí ón bhfoireann tacaíochta do scoláirí;<br>(cuid díobh sin thuas nó iad go léir, de réir mar atá cuí do riachtanais na scoláirí) | Beagán |
| Lá ionduchtaithe ag deireadh mhí Lúnasa, ag tús na chéad bhliana | • Bainistíocht na scoile, treoirchomhairleoir(í), séiplíneach, ceann bliana agus teagascóirí;<br>• (cuid díobh sin thuas nó iad go léir, de réir mar atá cuí do gach scoil) | Cách |
| Déanann an fhoireann tacaíochta do scoláirí comhordú agus pleanáil ar mhaithe le folláine na scoláirí go léir · | • Gach ball den fhoireann tacaíochta do scoláirí, | Cách, Roinnt agus Beagán |

## Tábla 3: samplaí de sholáthar TSU do scoláirí na chéad bhliana

| Gníomhaíocht | Á soláthar ag | Treoir do chách/do roinnt/do bheagán |
|---|---|---|
| Treoir ranga i modúil<br><br>‘Foghlaim a bhaineann le Treoir’ Aonad 1<br>(ceachtanna a bhfuil torthaí foghlama soiléire acu agus Aguisín I) ar fáil trí careers portal agus scoilnet.ie | • Treoirchomhairleoir(í) agus/nó;<br>• Ball den Fhoireann Treorach, le tacaíocht ó threoirchomhairleoir(í), nó;<br>• ball den fhoireann teagaisc, le tacaíocht ó na treoirchomhairleoirí | Cách |
| Cruinniú eolais faoi rogha ábhar agus leibhéil má thagann deacrachtaí chun cinn | • Scoláirí<br>• An fhoireann Treorach<br>• An Roinn RSO de réir mar is cuí<br>• Múinteoirí ábhair | Beagán |
| Cruinnithe chun dul chun cinn sna chéad seachtainí san iar-bhunscoil a phlé · | • Treoirchomhairleoir(í) agus/nó;<br>• Séiplíneach(Séiplínigh) nó;<br>• Ball foirne eile de réir mar is cuí, e.g. ceann bliana, teagascóir | Cách |
| Comórtas do scoláirí na chéad bhliana le linn sheachtain na ngairmeacha –<br><br>Dear póstaer ar ghairm bheatha a bhféadfadh suim a bheith agat inti – cuir san áireamh eolas ar nós na rudaí a thaitníonn leat faoin ngairm / cad a d’fhéadfadh a bheith dúshlánach agus cá háit sa domhan ina bhfuil an ghairm’ · | • Arna eagrú ag an bhfoireann treorach le linn sheachtain na ngairmeacha<br>• Scoláirí | Ar fáil do chách mar rogha, á dhéanamh ag roinnt. |

## Tábla 4: samplaí de sholáthar TSU do scoláirí an dara bliain

| Gníomhaíocht | Á soláthar ag | Treoir do chách/do roinnt/do bheagán |
|---|---|---|
| Treoir ranga i modúil thar roinnt seachtainí (arna sainiú ag gach scoil). D'fhéadfadh sé go mbeadh na nithe seo a leanas san áireamh sa treoir ranga:<br><br>• 'Foghlaim a bhaineann le Treoir' Aonad 2 (a bhfuil torthaí foghlama soiléire aici agus Aguisín I) ar fáil trí careers portal agus scoilnet.ie<br><br>• Am ceachta ar fáil chun gníomhaíochtaí comhchuraclaim a eagrú sa seomra ranga amhail aoichainteoirí chun freastal ar riachtanais an bhliainghrúpa (arna sainaithint trí shuirbhé scoláirí) | • Treoirchomhairleoir(í) agus/nó;<br>• Ball den Fhoireann Treorach, le tacaíocht ó threoirchomhairleoirí, nó;<br>• ball den fhoireann teagaisc, le tacaíocht ó na treoirchomhairleoirí | Cách |
| Tráthnóna tuismitheoirí agus scoláirí: 'Spriocann a leagan síos do mo chuid ama san iar-bhunscoil' | • Treoirchomhairleoirí agus/nó;<br>• Ball den fhoireann treorach, le tacaíocht ó threoirchomhairleoirí | Ar fáil do chách |
| Tasc sheachtain na ngairmeacha do scoláirí an dara bliain:<br><br>Tabhairt faoi agallamh gearr le duine fásta atá ag obair. "20 ceist faoi do phost" | • Á bhainistiú ag teagascóirí ranga, le tacaíocht ó na treoirchomhairleoirí | Cách |

## Tábla 5: samplaí de sholáthar TSU do scoláirí an tríú bliain

| Gníomhaíocht | Á soláthar ag | Treoir do chách/do roinnt/do bheagán |
|---|---|---|
| Treoir ranga i modúil<br><br>Treoir ranga i modúil thar roinnt seachtainí (arna sainiú ag gach scoil). D'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith san áireamh sna modúil:<br><br>• 'Foghlaim a bhaineann le Treoir' Aonad 3 (a bhfuil torthaí foghlama soiléire aici agus Aguisín I) ar fáil trí careers portal agus scoilnet.ie<br><br>• Ceachtanna ar fáil chun gníomhaíochtaí comhchuraclaim a eagrú sa seomra ranga amhail aoichainteoirí chun freastal ar riachtanais an bhliainghrúpa (arna sainaithint trí shuirbhé scoláirí) | • Treoirchomhairleoirí agus/nó;<br>• Ball den fhoireann treorach, le tacaíocht ó threoirchomhairleoirí, nó;<br>• ball den fhoireann teagaisc, le tacaíocht ó na treoirchomhairleoirí | Cách |
| Seisiúin scileanna staidéir i ngrúpaí ranga | • Múinteoirí ábhair | Cách |

| | | |
|---|---|---|
| Seisiúin scileanna staidéir i ngrúpaí beaga dóibh siúd a dteastaíonn tacaíocht bhreise uathu | • Treoirchomhairleoirí<br>• Foireann RSO | Beagán |
| Cur i láthair taifeadta do scoláirí agus do thuismitheoirí ag cur roghanna chlár na hardteistiméireachta ar fáil ar líne | • Roinnt díobh seo a leanas nó iad go léir: comhordaitheoir na hIdirbhliana comhordaitheoir ATF comhordaitheoir GCAT, ceann bliana, treoirchomhairleoir, príomhoide | Cách |
| Cruinnithe le scoláirí (agus a dtuismitheoirí de réir mar is cuí) má theastaíonn tacaíocht bhreise agus roghanna chlár na hardteistiméireachta á bpiocadh acu | • Roinnt díobh seo a leanas nó iad go léir: comhordaitheoir na hIdirbhliana comhordaitheoir ATF comhordaitheoir GCAT, ceann bliana, treoirchomhairleoir, príomhoide | Beagán |
| PGSS: Seisiún ranga chun machnamh a dhéanamh ar 'Réimsí Eile Foghlama' agus inniúlachtaí gairme a bhféadfaí aird a tharraingt orthu a shainaithint | • Treoirchomhairleoirí agus/nó;<br>• Ball den fhoireann treorach, le tacaíocht ó threoirchomhairleoirí, nó;<br>• ball den fhoireann teagaisc, le tacaíocht ó na treoirchomhairleoirí | Cách |

## Tábla 6: samplaí de sholáthar TSU do scoláirí na hIdirbhliana

| Gníomhaíocht | Á soláthar ag | Treoir do chách/do roinnt/do bheagán |
|---|---|---|
| Modúl treorach ranga lena n-áirítear:<br><br>• ranganna ar ullmhúchán do thaithí oibre;<br>• ranganna ar mhachnamh ar thaithí oibre;<br>• ranganna ar rogha ábhar don tsraith shinsearach;<br>• ranganna ar 'chonairí chuig an todhchaí';<br>• rang ar ullmhúchán do mheasúnú síciméadrach agus<br>• rang ar phunann na hIdirbhliana, rannóg gairmeacha.<br><br>Tá torthaí foghlama soiléire leagtha amach go mion do gach modúl sa phlean treorach.<br><br>Nó ceacht treorach níos cuimsithí gach seachtain | • Treoirchomhairleoirí agus/nó;<br>• Ball den fhoireann treorach, le tacaíocht ó threoirchomhairleoirí, nó;<br>• Comhordaitheoir taithí oibre, le tacaíocht ó threoirchomhairleoirí<br>• ball den fhoireann teagaisc, le tacaíocht ó threoirchomhairleoir(í) | Cách |
| Lá Measúnaithe Shíciméadraigh | Treoirchomhairleoir | Roinnt |

| | | |
|---|---|---|
| Fócas ar scileanna bainistíochta gairme agus forbairt inniúlachta | Na múinteoirí ábhair go léir mar chuid de mhodúil ábhar na hIdirbhliana | Cách |
| Ullmhúchán scoláireachta | Monatóir acadúil / an Roinn Spóirt agus Corpoideachais / an Roinn Ceoil / Múinteoir Drámaíochta de réir mar is cuí | Beagán |
| Tráthnóna scoláirí agus tuismitheoirí ar 'Chláir na Sraithe Sinsearaí agus Rogha Ábhar' | Treoirchomhairleoir | Cách |
| Cruinnithe grúpa ar rogha ábhar más gá | Treoirchomhairleoir | Roinnt |
| Cruinnithe aonair | Treoirchomhairleoir | Beagán |

## Tábla 7: samplaí de sholáthar TSU do scoláirí an cúigiú bliain

| Gníomhaíocht | Á soláthar ag | Treoir do chách/do roinnt/do bheagán |
| --- | --- | --- |
| Treoir ranga i modúil<br><br>I measc na dtopaicí tá:<br>• Conairí agus córais iarratais in Éirinn;<br>• Conairí agus córais iarratais san Eoraip;<br>• Conairí agus córais iarratais sna Stáit Aontaithe;<br>• Socrú spriocanna agus;<br>• Tionscadal: Ag machnamh ar an áit a bhfuilim anois agus an áit a bhfuilim ag iarraidh dul.<br><br>Tugtar breac-chuntas ar thorthaí foghlama an mhodúil seo i gcuid atá níos faide ar aghaidh sa phlean treorach | • Treoirchomhairleoir(í) agus/nó;<br>• Ball den Fhoireann Treorach, le tacaíocht ó Threoirchomhairleoir(í), nó;<br>• ball den fhoireann teagaisc, le tacaíocht ón treoirchomhairleoir(ó na treoirchomhairleoirí) | Cách |
| Scileanna staidéir agus socrú spriocanna acadúla | Gach múinteoir sa chéad seachtain de mhí Dheireadh Fómhair agus sa chéad seachtain de mhí an Mhárta | Cách |

| | | |
|---|---|---|
| Meantóireacht agus monatóireacht acadúil | Múinteoirí a dhéanann go deonach é<br>Á eagrú ag an bhfoireann treorach; | Ar fáil do chách, á dhéanamh ag roinnt |
| Agallaimh bhréige leis na scoláirí sin ar mian leo páirt a ghlacadh ann (cách á spreagadh) | Ceann bliana agus múinteoirí eile i gcomhar le Comhairle na dTuismitheoirí | Roinnt |
| Ullmhúchán don Taithí oibre agus machnamh uirthi do scoláirí GCAT | Comhordaitheoir taithí oibre agus comhordaitheoir GCAT | Roinnt |
| Cruinnithe treorach dóibh siúd a bhfuil sé ar intinn acu iarratas a dhéanamh ar roghanna thar lear, go háirithe iad siúd a bhfuil gnéithe breise iarratais acu chun beart leantach a dhéanamh ina leith maidir le hábhar ginearálta atá luaite sna modúil treorach. | Treoirchomhairleoirí | Beagán |

## Tábla 8: samplaí de sholáthar TSU do scoláirí an séú bliain

| Gníomhaíocht | Á soláthar ag | Treoir do chách/do roinnt/do bheagán |
|---|---|---|
| Treoir ranga i modúil nó i gceachtanna seachtainiúla:<br>Ba chóir go mbeadh clár cuimsitheach do scoláirí an séú bliain leagtha amach sa phlean treorach, mar aon le torthaí foghlama soiléire | Treoirchomhairleoir | Cách |
| Tráthnóna do scoláirí agus do thuismitheoirí ar 'Chonairí chuig an Todhchaí:  Na chéad chéimeanna eile dár scoláirí sa séú bliain' | Treoirchomhairleoir | Cách |
| Cruinnithe grúpa ar chonairí éagsúla | Treoirchomhairleoir | Roinnt |
| Cruinnithe aonair | Treoirchomhairleoir | Ar fáil do chách ach rochtain ag roinnt daoine air (mar gur féidir freastal ar riachtanais treorach trí ghníomhaíocht aí eile mar atá léirithe) |
| Teistiméireachtaí a ullmhú do scoláirí de réir mar is gá | Gach múinteoir ábhair | Beagán |
| Meantóireacht agus monatóireacht acadúil | Múinteoirí a dhéanann go deonach é.<br>Á eagrú ag an bhfoireann treorach; | Ar fáil do chách, á dhéanamh ag roinnt |

### Tábla 9: samplaí de sholáthar TSU do scoláirí na hArdteistiméireachta a bheidh ag fágáil na scoile

| Gníomhaíocht | Á soláthar ag | Treoir do chách/do roinnt/do bheagán |
|---|---|---|
| Tacaíocht ar lá na dtorthaí | Bainistíocht na scoile, treoirchomhairleoir agus baill eile den fhoireann tacaíochta do scoláirí má tá fáil orthu | Roinnt |
| Plé ar mheasúnú agus ar ghráid na hardteistiméireachta tar éis fhoilsiú na dtorthaí | Múinteoirí ábhair | Roinnt |
| Tacaíocht maidir le roghanna cúltaca | Treoirchomhairleoir | Beagán |

# Aguisín 2: Clár TSU – samplaí de ghníomhaíochtaí ó dhearcadh an mhúinteora ábhair

Is samplaí iad na táblaí thíos de ghníomhaíochtaí TSU. Cuirtear san áireamh iad chun críche léirithe agus mínithe agus níl sé i gceist go mbeidís saintreorach.

## Tábla 10: sampla de ghníomhaíochtaí TSU a rinne Roinn na Matamaitice

| Gníomhaíocht | Nasc chuig TSU | Treoir do chách/do roinnt/do bheagán |
|---|---|---|
| Cur chun cinn STEM | Tugann Roinn na Matamaitice faoi ghníomhaíochtaí iomadúla gach bliain chun STEM a chur chun cinn mar ghairm.  Is éard atá i gceist leis sin ná cur chuige um dhearadh uilíoch agus úsáid acmhainní éagsúla ar nós póstaeir/físeáin/feidhmchláir ríomhaireachta/cainteanna/turais sheachtracha etc. Cuirtear STEM chun cinn ar feadh na bliana acadúla go léir.<br><br>Díriú ar ghairmeacha in STEM.<br>Díriú ar chonairí oideachais in STEM | Cách |
| Seachtain na Matamaitice | Comórtas do gach scoláire: Iarrtar ar scoláirí físeán 60 soicind a dhéanamh a thaispeánann "Conas a úsáidtear an mhatamaitic i ngach post" | Ar fáil do chách, agus 'roinnt' páirteach ann de ghnáth |
| Athsheiceálacha / achomhairc na hArdteistiméireachta | Bíonn múinteoirí Matamaitice ar fáil gach Lúnasa/Meán Fómhair chun tacú le scoláirí atá ag fágáil agus ar mian leo an grád a fuair siad a phlé / a roghanna a phlé maidir le hachomharc etc. | Ar fáil do chách, á iarraidh ag beagán |
| Nasc leis an bhfoireann tacaíochta do scoláirí | Nasc leis an bhfoireann tacaíochta do scoláirí nuair is cuí | Cách |
| Oilimpiad Matamaitice | Tacú le scoláirí dul i ngleic le hOilimpiad Matamaitice na hÉireann agus Oilimpiad Matamaitice na gCailíní Eorpacha.<br>Cothaíonn sé sin forbairt oideachais agus gairme i réimse na matamaitice. | Beagán |
| Pleanáil TSU agus Roinn na Matamaitice:<br><br>Nascann an Fhoireann Treorach le Roinn na Matamaitice dhá uair sa bhliain (Meán Fómhair agus Aibreán) chun an phleanáil a uasdátú.<br>Freastalaíonn Roinn na Matamaitice ar chur i láthair ó na treoirchomhairleoirí don fhoireann go léir ar TSU ag tús gach bliana. | | |

## Tábla 11: Sampla de ghníomhaíochtaí TSU a rinne Roinn na Gearmáinise

| Gníomhaíocht | Nasc chuig TSU | Treoir do chách/do roinnt/do bheagán |
|---|---|---|
| Nasc leis an bhfoireann tacaíochta do scoláirí | Nasc leis an bhfoireann tacaíochta do scoláirí nuair is cuí | Gach scoláire sa scoil |
| Malartú Erasmus | Malartú teanga leis an scoil in Kloen a eagrú gach bliain | Roinnt scoláirí sa chúigiú bliain |
| Oíche Oscailte sa Scoil | Freastal chun an chaoi a ndéantar an Ghearmáinis a fhoghlaim inár scoil a thaispeáint agus chun teagmháil a dhéanamh le tuismitheoirí agus le scoláirí amach anseo, ceisteanna a fhreagairt ar an ábhar etc. | Gach scoláire atá ag teacht isteach sa chéad bhliain |
| Club Gearmáinise | Tacaíonn sé le scoláirí ag gach leibhéal agus aois ar mian leo teacht le chéile chun an teanga a labhairt agus dul i mbun gníomhaíochtaí a bhaineann leis an ábhar.<br>Gach bliain eagraíonn na scoláirí féin turas chuig Institiúid Goethe.  Cothaíonn sé sin ceannaireacht scoláirí, eolas ar an ábhar agus cinnteoireacht gairme. | Ar fáil do gach scoláire atá ag foghlaim na Gearmáinise, á dhéanamh ag beagán. |
| Seachtain NTI | Fócas ar oideachas agus ar oiliúint<br>Fócas ar ghairmeacha ag úsáid NTI | Cách/roinnt |
| Iarratais UCAS | Teistiméireachtaí scríofa do scoláirí ar mian leo cur isteach ar chúrsaí sa Ghearmáinis (ar iarratas ón scoláire) | Beagán |
| Tabhair do d'aire: Sna gníomhaíochtaí thuasluaite go léir, nascann Roinn na Gearmáinise leis an treoirchomhairleoir(na treoirchomhairleoirí) de réir mar is cuí. Tarlaíonn an chumarsáid sin go foirmiúil (e.g. ceardlanna le linn cruinnithe foirne leithdháilte / cruinnithe ullmhúcháin d'imeachtaí oifigiúla scoile) agus go neamhfhoirmiúil uaireanta. | | |

# Aguisín 3: samhail de chontanam tacaíochta

Léirítear thíos an t-aistriú chuig an iar-bhunscoil mar shampla de chontanam tacaíochta TSU i ngníomh.  Mar sin féin, féadfaidh an contanam leathnú amach chuig gach gné de TSU, ag teacht le riachtanais phobal na scoile agus na hacmhainní atá ar fáil sa scoil.  Soláthraítear samplaí breise den chontanam sin trí chás-staidéir san aguisín.

Is éard atá i gceist le **treoir do chách** ná faisnéis, acmhainní agus gníomhaíochtaí a sholáthar atá ábhartha agus inrochtana do gach scoláire. Mar shampla, aistreoidh gach scoláire chuig an iar-bhunscoil.  Tagraíonn treoir do chách, sa sampla seo, do na tacaíochtaí scoile a chuirtear ar fáil do na scoláirí go léir chun cabhrú leo leis an aistriú sin: is féidir cuireadh a thabhairt do gach scoláire (agus tuismitheoir) chuig oíche oscailte sa scoil agus chuig tráthnóna eolais sula dtosaíonn siad ar a gcéad bhliain acadúil.  Is féidir cuireadh a thabhairt do gach scoláire chuig lá ionduchtaithe i mí Lúnasa freisin.  Is féidir gach scoláire a chur ar an tráthchlár do mhodúl 'foghlaim a bhaineann le treoir' (ar fáil anseo) nó aonad foghlama treorach saincheaptha a dearadh chun freastal ar shainriachtanais scoláirí, ina gcéad bhliain san iar-bhunscoil.

Is éard atá i gceist le **treoir do roinnt** ná sainghrúpaí scoláirí a aithint a mbeadh cur chuige ar leith ina chabhair dóibh. Mar shampla, cé go n-aistreoidh gach scoláire go dtí an iar-bhunscoil, d'fhéadfadh sé go mbeadh tacaíocht bhreise nó saintacaíocht de dhíth ar ghrúpaí ar leith.  Mar shampla, d'fhéadfadh sé go mbainfeadh scoláirí atá faoi mhíchumas coirp leas as turas timpeall na scoile a dearadh d'aon ghnó chun aird a tharraingt ar inrochtaineacht struchtúir na scoile. Féadfaidh ball den fhoireann RSO oibriú le foireann feighlíochta na scoile chun tacú le scoláirí sa chás sin, mar shampla, maidir le húsáid ardaitheoirí cathaoireacha rothaí. D'fhéadfadh scoláirí a bhfuil lagú amhairc acu leas a bhaint as sainturas timpeall na scoile ina dtarraingítear aird ar shuíomh trealaimh inrochtana amhail rialóirí tadhlacha/mórchló agus trealamh braille i seomraí ranga áirithe, agus d'fhéadfadh sé go mbeadh am agus tacaíocht bhreise ag teastáil ó scoláirí arb é an Béarla an dara teanga acu lena gcuid múinteoirí ábhair chun ceisteanna a chur agus gach gné dá n-aistriú a thuiscint.

Is éard atá i gceist le **treoir do bheagán** ná tacaíocht phearsantaithe níos déine a sholáthar do scoláirí áirithe.  Mar shampla, féadfaidh scoláire aistriú go dtí an iar-bhunscoil i lár na bliana acadúla tar éis eispéireas trámach.  D'fhéadfadh sé go mbeadh tacaíochtaí ag teastáil ón scoláire sin amhail cruinniú seachtainiúil lena t(h)eagascóir ranga, rochtain ar sheomra céadfach agus/nó tacaíocht ón treoirchomhairleoir nó ó bhall eile den fhoireann tacaíochta do scoláirí.  I gcás scoláire uathach, d'fhéadfadh sé go mbeadh tacaíochtaí diana aonair ag teastáil, agus chun tacú le haistriú dearfach go dtí an iar-bhunscoil, d'fhéadfadh pearsanra scoile bualadh le gairmithe seachtracha ar féidir leo tacú le múinteoirí scoláirí a bhfuil riachtanais shuntasacha acu, mar shampla, maidir le straitéisí um Chumarsáid Mhalartach agus Bhreisitheach (AAC) de réir mar is cuí (Rialtas na hÉireann, 2022).

Tugtar eolas breise i nótaí faisnéise 0001/2024 agus 009/2023 maidir le cur chuige bunaithe ar riachtanais i leith TSU.

# Aguisín 4: samplaí de thacaíocht TSU do ‘bheagán’

Tá eispéiris TSU den scoth á soláthar ag mórán scoileanna do scoláirí a bhfuil tacaíocht bhreise de dhíth orthu.  Is samplaí iad na cás-staidéir seo a leanas den obair atá ar siúl cheana féin in iar-bhunscoileanna.

## Cás-staidéar 1

Bhog Marilza go hÉirinn ón mBrasaíl lena máthair agus a deartháir óg tamall gearr roimhe sin.  Cuireadh san idirbhliain í le piaraí ar chomhaois léi.  Is scoláire dícheallach í agus tá sprioc an-soiléir aici a bheith ina múinteoir bunscoile.  Mar sin féin, níl aon scileanna Gaeilge aici agus níl an Béarla ar ardleibhéal aici.

D’fhéadfadh cur chuige scoile uile i leith na treorach tacú le Marilza ar an mbealach seo a leanas:

Agus Marilza ag aistriú isteach sa scoil buailfidh comhordaitheoir na hIdirbhliana léi féin agus lena máthair.  Ag an gcruinniú sin, tabharfar aghaidh ar shaincheisteanna lóistíochta amhail suíomh na seomraí ranga agus an tráthchláir.  Toisc nach bhfuil ardleibhéal scileanna foghlama Béarla aici, nascann comhordaitheoir na hIdirbhliana leis an múinteoir nasc-BTB chun tacaíocht a thabhairt do Marilza.  Thacaigh comhordaitheoir na hIdirbhliana le Marilza freisin maidir le rochtain a fháil ar roinnt clubanna iarscoile a bhí ar siúl sa scoil.  Chomh maith leis sin, roinn comhordaitheoir na hIdirbhliana an féilire bliantúil le máthair Marilza agus tarraingíodh aird ar na príomhimeachtaí do thuismitheoirí, mar shampla, cruinniú tuismitheoirí-múinteoirí na hIdirbhliana, seachtain na ngairmeacha agus oíche do thuismitheoirí ar rogha chláir agus ábhar don Ardteistiméireacht.  Glacadh le cur chuige um dhearadh uilíoch don tasc i rang treorach Marilza, agus roghnaigh Marilza grafaic eolais a chruthú chun a roghanna gairme agus cuid de na conairí a d'fhéadfadh sí a ghlacadh a thaispeáint.

Déanann an múinteoir nasc-BTB scileanna teanga Marilza a mheas agus socraíonn an múinteoir sin spriocanna teagaisc agus foghlama do Marilza sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma.

Agus Marilza ag gabháil do rang treorach le linn na hIdirbhliana, tagann a sprioc a bheith ina múinteoir bunscoile chun solais go luath sa bhliain.  Trí na ranganna treorach, rinne Marilza machnamh ar an réasúnaíocht a bhí aici maidir lena tiomantas do theagasc bunscoile, fuair sí tuiscint ar na riachtanais maidir le hoiliúint bunmhúinteoirí in Éirinn agus thar lear, agus rinne sí taighde ar dheiseanna gaolmhara in Éirinn agus thar lear.  Bhí Marilza in ann teacht ar roinnt acmhainní éagsúla trína rang treorach, sa Bhéarla agus ina céad teanga freisin.  Tá CareersPortal inrochtana trí chéad teanga Marilza agus bhain sí úsáid rialta as an suíomh Gréasáin sin.

D’fhéadfadh cur chuige scoile uile i leith na treorach tacú le Marilza ar na bealaí seo a leanas:

- Cabhraíonn an treoirchomhairleoir agus an comhordaitheoir taithí oibre sa nasc scoile le Marilza trí shuíonna éagsúla a aimsiú don taithí oibre agus baint ag gach ceann acu leis an réimse spéise atá léirithe aici: ceann amháin i mbunscoil le scoláirí den chéad scoth; ceann i scoil Montessori; agus an tríú socrúchán taithí oibre i stiúideo gleacaíochta atá áitiúil di, ag nascadh a suime i dteagasc leanaí le gné roghnach de churaclam na bunscoile a raibh spéis nideoige ar leith ag Marilza inti.
- Le linn na hIdirbhliana, ghlac Marilza páirt i modúil sa Ghaeilge agus tháinig feabhas maith ar a cuid Béarla.

- Sular chríochnaigh sí an Idirbhliain, d'iarr Marilza labhairt leis an treoirchomhairleoir faoina roghanna oideachais. Thángthas ar mhórán roghanna do Marilza mar thoradh ar an gcruinniú leis an treoirchomhairleoir. Le linn an chruinnithe sin, rinne Marilza machnamh ar a punann Idirbhliana i gcoitinne, ar a taithí oibre, ar na modúil a rinne sí, ar a spriocanna don todhchaí agus rinne sí iad sin a bhreithniú ó thaobh na roghanna a bhí aici laistigh den scoil.

- Ní raibh máthair Marilza in ann freastal ar na cruinnithe tuismitheoirí-múinteoirí ná ar na hoícheanta eolais do thuismitheoirí. D’iarr sí cruinniú le ceann bliana na hIdirbhliana maidir leis na roghanna a bheadh ag Marilza don chéad chéim eile. Bhuail an ceann bliana, an treoirchomhairleoir agus an múinteoir nasc-BTB le Marilza chun na roghanna go léir a bhí ar fáil di a phlé lena n-áirítear an Ardteistiméireacht Fheidhmeach agus an Ardteistiméireacht Bhunaithe. Phléigh an treoirchomhairleoir bealaí malartacha chuig teagasc bunscoile sa chiall is leithne, lena n-áirítear inniúlacht mhalartach sa Ghaeilge. D’fhiafraigh máthair Marilza an raibh sé de rogha an Idirbhliain a athdhéanamh agus d’aontaigh an ceann bliana incháilitheacht ina leith sin a mheas in éineacht leis an bpríomhoide a dhéanfadh tagairt do chiorclán M02/95.

## Cás-staidéar 2

Is scoláire céad bliana í Molly. Is duine den Lucht Siúil í agus tá cónaí uirthi ar láithreán stad tuairim is 20 míle ón scoil. D’fhreastail athair Molly ar an iar-bhunscoil chéanna le Molly. Is eol do Molly nach raibh taithí dhearfach aige ansin. D’fhág máthair Molly an scoil sa chéad bhliain agus d’fhill sí ar an oideachas le déanaí.

D’fhéadfadh cur chuige scoile uile i leith na treorach tacú le Molly ar na bealaí seo a leanas:

- Freastalaíonn príomhoide tánaisteach na scoile ar na bunscoileanna friothálacha go léir sa cheantar sula n-aistríonn scoláirí rang a sé go dtí na hiar-bhunscoileanna. Le linn a cuairteanna ar an scoil, caitheann an príomhoide tánaisteach roinnt ama leis na scoláirí agus insíonn sí dóibh faoin iar-bhunscoil. Tugann an príomhoide tánaisteach cuireadh freisin do scoláirí agus do thuismitheoirí chuig oíche oscailte na scoile, a bhíonn ar siúl i mí na Samhna roimh an aistriú.

- Ag oíche oscailte na scoile dírítear ar fháilte chroíúil a chur roimh scoláirí agus tuismitheoirí.  Glacann pobal na scoile uile páirt inti agus tarraingíonn siad aird ar phríomhghníomhaíochtaí, acmhainní, réimsí do thuismitheoirí agus do scoláirí.  Cuireann an príomhoide tánaisteach a d'fhreastail ar na scoileanna friothálacha fáilte roimh thuismitheoirí agus scoláirí chuig an oíche oscailte.  Nuair a thagann Molly lena tuismitheoirí, is cuimhin leis an bpríomhoide tánaisteach gur labhair Molly faoi spéis a bheith aici sa cheol nuair a d'fhreastail sí ar an mbunscoil.  Iarrann an príomhoide tánaisteach ar chinnire Molly agus a teaghlach a thabhairt go dtí an seomra ceoil mar chéad cheann scríbe ar thuras timpeall na scoile.  Ag an seomra ceoil, feiceann Molly scoláirí de gach aois ag seinm réimse uirlisí.  Tugtar deis di foireann drumaí a sheinm, agus imríonn sí cluiche ceoil le daltaí eile ó rang a sé atá ar cuairt.  Caitheann an múinteoir ceoil roinnt ama le tuismitheoirí Molly, ag labhairt faoi ábhair spéise Molly agus ag freagairt ceisteanna atá ag na tuismitheoirí. Léiríonn Molly suim shoiléir i gcláirseach an tseomra ceoil.  Agus Molly ag fágáil an tseomra ceoil, insíonn an múinteoir ceoil do Molly go bhféadfadh sí a bheith ag seinm mórán amhrán ar an gcláirseach faoi dheireadh na dara bliain, dá mbeadh suim aici sin a dhéanamh

- An chéad lá a raibh Molly sa scoil, chuir an príomhoide tánaisteach fáilte arís roimh na scoláirí uile chuig an scoil agus í ina seasamh ag an bpríomhdhoras.  Bhí tionól ag na scoláirí go léir le chéile sular fhreastail na scoláirí ar a seomraí baile chun bualadh lena dteagascóirí.  Labhair an príomhoide agus an teagascóir araon faoi spriocanna a leagan síos agus scríobh Molly litir chuici féin faoi na nithe ba mhaith léi a dhéanamh mar scoláire san iar-bhunscoil.

- Bhí tinreamh maith ag Molly ar scoil don chéad seachtain, ach chaill sí trí lá den dara seachtain agus den tríú seachtain.  Thug ceann bliana Molly faoi deara na neamhláithreachtaí agus shuigh sé síos le Molly chun labhairt léi faoi.  Le linn an chomhrá sin, bhí deis ag Molly labhairt faoina litir maidir le socrú spriocanna agus faoin gcaoi a raibh sí ag dul i ngleic leis an scoil ar an iomlán, agus faoina rang ceoil go sonrach.  Bhain Molly taitneamh as an gcomhrá sin agus mhothaigh sí gur thuig an ceann bliana an chúis a raibh sí as láthair.  Mhínigh sí go raibh cónaí uirthi i bhfad ón scoil agus gur mhinic a chaill sí an t-aon bhus a bhí ag dul thar a teach gach lá.  Mhínigh Molly freisin nach raibh a hathair ar fónamh.

- Cé gur éist an ceann bliana go cúramach le Molly, mhínigh sí do Molly freisin go raibh sé tábhachtach freastal ar scoil le go bhféadfadh sí a cuid spriocanna a bhaint amach.  D'fhiafraigh an ceann bliana de Molly cad a chuideodh léi é sin a dhéanamh.  Ní raibh aon mholtaí ag Molly agus mar sin luaigh an ceann bliana cúpla smaoineamh.  D'aontaigh Molly bualadh leis an treoirchomhairleoir chun comhrá a dhéanamh faoi mar a bhí rudaí ag dul di.  D'aontaigh sí freisin dul isteach sa chlub ceoil a thagadh le chéile dhá uair sa tseachtain.  D'aontaigh Molly freisin go gcuideodh comhrá idir an ceann bliana agus a máthair lena cuid tinrimh.

- Chuaigh an ceann bliana i dteagmháil go rialta le múinteoirí Molly agus leis an treoirchomhairleoir. Luaigh an ceann bliana go háirithe do mhúinteoir ceoil Molly gur ábhar láidir a bhí ann di. Labhair múinteoir ceoil Molly le Molly faoi bheith páirteach i gceoldráma na scoile níos déanaí sa bhliain.

- Chuir an ceann bliana glaoch ar mháthair Molly chun nascadh léi faoi thinreamh Molly agus an plean a pléadh le Molly chun tacú lena tinreamh. Ón nglao gutháin sin, fuair an ceann bliana amach go raibh máthair Molly tar éis filleadh ar an oideachas í féin, agus go raibh an-suim aici tacú le Molly. Pléadh tinreamh, obair bhaile agus cumarsáid idir an scoil agus tuismitheoirí Molly le linn an ghlao. Luaigh an ceann bliana freisin ceoldráma na scoile mar rud a raibh seans go mbeadh tuismitheoirí Molly ag iarraidh freastal air.

- Rinne Molly an modúl 'Foghlaim a Bhaineann le Treoir' sa chéad bhliain agus tríd an rang sin, d'fhoghlaim sí faoi chonairí gairme a tuismitheoirí agus baill eile dá teaghlach. Mar thoradh air sin smaoinigh sí ar a gairm féin, agus cad ba mhaith léi a dhéanamh. Faoi dheireadh an mhodúil treorach sin, ní raibh Molly cinnte cad a bhí uaithi di féin, ach d'aithin sí gurbh í a máthair an eiseamláir a bhí aici.

## Cás-staidéar 3

Is scoláire uathach é Barry atá sa tríú bliain faoi láthair. Níl a thuismitheoirí cinnte ar cheart dó tabhairt faoin Idirbhliain nó ar cheart dó dul i dteagmháil le seirbhís uathachais áitiúil a sholáthraíonn seirbhísí lae, cónaithe, maireachtála faoi thacaíocht agus for-rochtana dóibh siúd a bhfuil uathachas orthu.

D'fhéadfadh cur chuige scoile uile i leith na treorach tacú le Barry ar an mbealach seo a leanas:

- Tar éis oíche eolais do thuismitheoirí scoláirí an tríú bliain, bhuail ceann bliana an tríú bliain, comhordaitheoir na hIdirbhliana agus ionadaí ón bhfoireann tacaíochta do scoláirí (an treoirchomhairleoir) le tuismitheoirí Barry i mí an Mhárta den tríú bliain, chun eispéireas Barry, measúnuithe na Sraithe Sóisearaí agus roghanna maidir leis na chéad chéimeanna eile do Barry a phlé. Cuireadh eolas ginearálta ar fáil do thuismitheoirí ag an oíche eolais do thuismitheoirí. Ina theannta sin, ag an gcruinniú leantach seo, pléadh sainriachtanais Barry agus tacaíochtaí scoile chun freastal ar na riachtanais sin ag leibhéal níos doimhne agus níos machnamhaí ag teacht le riachtanais Barry.

- Chuirfí cur chuige scoile uile i bhfeidhm chun tacú le Barry ó thaobh na ndeiseanna oideachais agus gairme a bheadh aige dá roghnódh sé fanacht san Idirbhliain.

- Chinntigh ceann bliana Barry go raibh mórán tacaíochtaí ar fáil do Barry le linn a bhlianta sa tSraith Shóisearach, lena n-áirítear socruithe réasúnta le linn measúnaithe, rochtain ar sheomra céadfach nuair ba ghá, agus cruinnithe rialta athbhreithnithe le múinteoirí agus tuismitheoirí Barry ag eatraimh le linn na bliana acadúla.  Bhí taithí Barry ar an iar-bhunscoil measctha: bhí sé thar a bheith dúshlánach do Barry agus é ag aistriú go dtí an iar-bhunscoil, agus cé nach raibh a thuras tríd an tSraith Shóisearach simplí i gcónaí, fuair sé gnáthamh laethúil a d'oibrigh go maith dó agus bhí sé ag súil go mbainfeadh sé roinnt gráid arda amach ina mheasúnuithe sa tSraith Shóisearach

- Nuair a bhí roghanna Barry á bplé, labhair comhordaitheoir na hIdirbhliana ar na deiseanna iomadúla a d'fhéadfadh a bheith ar fáil do Barry san Idirbhliain.  Ina measc sin, bhí deiseanna iomadúla do Barry freastal ar mhodúil i réimsí a raibh an-suim aige iontu amhail forbairt an cheoil leictreonaigh agus cúram ainmhithe.  Gheall comhordaitheoir na hIdirbhliana freisin a chinntiú go mbeadh tacaíocht mhaith ag Barry maidir le teacht ar dheiseanna dearfacha taithí oibre, agus d'oibreodh sé le Barry lena chinntiú go bhfaighfí socrúchán tarraingteach agus saibhrithe.

- Labhair an treoirchomhairleoir thar ceann na foirne tacaíochta do scoláirí agus rinne sé machnamh ar na tacaíochtaí a bhí i bhfeidhm cheana féin do Barry i dtaca lena chuid foghlama iar-bhunscoile.  Labhair sé freisin faoina chruinnithe duine le duine le Barry a raibh tionchar dearfach acu.  Moladh go bhféadfadh an fhoireann tacaíochta do scoláirí nascadh freisin le seirbhísí uathachais áitiúla lena chinntiú go gcuirfí tacaíochtaí leanúnacha, dearfacha agus cuí i bhfeidhm do Barry dá leanfadh sé ar aghaidh.

- Ar aon dul leis sin, leag an ceann bliana béim ar na gníomhaíochtaí acadúla agus seach-churaclaim a bheadh ar fáil do Barry dá mbeadh sé ag gabháil don Idirbhliain.

# Aguisín 5: codanna agus ábhar a d'fhéadfaí a chur san áireamh i bplean treorach

Is samplaí iad na ceannteidil seo de cheannteidil na gcodanna is féidir le foirne treorach a bhreithniú agus a bplean treorach á fhorbairt acu.  Cuirtear san áireamh iad chun críche léirithe/mínithe agus níl sé i gceist go mbeidís saintreorach.  D'fhéadfadh príomhchodanna mar na cinn seo a leanas a bheith i bplean treorach.  Mar sin féin, is faoi gach scoil atá sé rogha a dhéanamh faoi cad a chuirfear san áireamh ina bplean TSU.

- **Cuid 1:** eagrú nó Réamhrá
- **Cuid 2:** treoir Clár curaclaim agus comhchuraclaim
- **Cuid 3**: cumarsáid
- **Cuid 4:** cuimsiú
- **Cuid 5:** beartais agus nósanna imeachta a bhaineann le treoir
- **Cuid 6:** measúnú síciméadrach agus caighdeánaithe
- Cuid 7: saol na hoibre
- **Cuid 8:** pleanáil feabhsúcháin